**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0350/2021**

14.12.2021

# TUARASCÁIL

ar an imscrúdú ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i bhfeidhmiú dhlí an Aontais maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de
(2020/2269(INI))

An Coiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar

Rapóirtéirí: Daniel Buda, Isabel Carvalhais

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

CONCLÚIDÍ....................................................................................................................3

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................30

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH ........................................31

IARSCRÍBHINN: FORLÉARGAS AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE LINN AN tSAINORDAITHE...........................................................................................................32

# CONCLÚIDÍ

**ar an imscrúdú ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i bhfeidhmiú dhlí an Aontais maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de**
**(2020/2269(INI))**

*An Coiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de,*

– ag féachaint d'Airteagal 226 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 19 Aibreán 1995 maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa[1],

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2020/1089 uaithi an 19 Meitheamh 2020 maidir le coiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i bhfeidhmiú dhlí an Aontais maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus lena sainítear a fhreagrachtaí, a líon comhaltaí agus a théarma oifige[2],

– ag féachaint d'Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ina sonraítear an méid seo a leanas: 'de bhun phrionsabal an chomhair dhílis, déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca le cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí a chur i gcrích',

– ag féachaint d'Airteagal 17(1) CAE, ina sonraítear go ndéanfaidh an Coimisiún 'maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh',

– ag féachaint d'Airteagal 13 CFAE, lena sonraítear, agus beartais an Aontais á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu, 'go ndéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit aird iomlán a thabhairt ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe, ós rud é gur neacha mothaitheacha iad na hainmhithe',

– ag féachaint d'Airteagal 258 CFAE,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CE agus Treoir 93/119/AE agus Rialachán (CE) Uimh 1255/97[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

[1] IO L 113, 19.5.1995, lch. 1.
[2] IO L 239 I, 24.7.2020, lch. 1.
[3] IO L 3, 5.1.2005, lch. 1.

an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí[4],

– ag féachaint do thuairim eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)[5] an 2 Nollaig 2010 maidir le leas ainmhithe le linn iompair,

— ag féachaint do thuairim eolaíoch EFSA an 29 Eanáir 2009 dar teideal 'General approach to fish welfare and to the concept of sentience in fish' [Cur chuige ginearálta i leith leas éisc agus coincheap na mothaitheachta in éisc][6],

— ag féachaint do Chód na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) um Shláinte Ainmhithe Uisceacha,

— ag féachaint do staidéar ón gCoimisiún ó mhí Mheán Fómhair 2017 dar teideal 'Leas éisc feirme: Cleachtais choiteanna le linn iompair agus tráth an mharaithe',

– ag féachaint do bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 23 Aibreán 2015 i gCás C-424/13[7],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar leas na n-ainmhithe in AE[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Feabhra 2019 maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de[9],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir le leas na n-ainmhithe[10],

– ag féachaint do thuarascáil ón gComhairle[11] an 22 Aibreán 2021 maille le toradh an cheistneora chun rannchuidiú leis an meastóireacht, mar aon leis an athbhreithniú, atá beartaithe a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar i a mhéid a bhaineann leis an gcian-iompar chuig tríú tíortha,

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 maidir le leas ainmhithe le linn iompar muirí achair fhada chuig tríú tíortha[12],

– ag féachaint don tuarascáil forléargais ón gCoimisiún ar leas na n-ainmhithe arna n-

[4] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
[5] https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/1966
[6] https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/954
[7] Breithiúnas an 23 Aibreán 2015, *Zuchtvieh-Export GmbH v Stadt Kempten*, C-424/13, ECLI:EU:C:2015:259.
[8] Tuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar dáta an 14 Samhain 2018 dar teideal 'Leas na n-ainmhithe in AE: An bhearna idir cuspóirí uaillmhianacha agus an cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh',
[9] IO C 449, 23.12.2020, lch. 157.
[10] Conclúidí na Comhairle maidir le leas na n-ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe (16 Nollaig 2019).
[11] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7780-2021-INIT/en/pdf
[12] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10235-2021-INIT/en/pdf

onnmhairiú de bhóthar[13],

– ag féachaint don tuarascáil forléargais ón gCoimisiún ar leas na n-ainmhithe arna n-onnmhairiú ar muir[14],

– ag féachaint don tuarascáil forléargais ón gCoimisiún ar chórais chun cosc a chur le hainmhithe mí-oiriúnacha a bheith á n-iompar in AE[15],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 dar teideal 'Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach' (COM(2021)0066),

ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol' (COM(2020)0381),

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2018 ar thionchar gníomhaíochtaí idirnáisiúnta leasa ainmhithe ar iomaíochas tháirgeoirí beostoic na hEorpa i saol domhandaithe (COM(2018)0042),

– ag féachaint do straitéis trádála an Aontais 'Trade4All' dar dáta an 14 Deireadh 2015 agus do luachanna trádála an Aontais atá inti,

– ag féachaint don ghrinnanailís dar teideal 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], a d'fhoilsigh An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais an 5 Iúil 2021[16],

– ag féachaint do straitéis OIE um Shláinte Ainmhithe Uisceacha,2021-2025[17],

– ag féachaint do Riail 208 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil Airteagal 226 CFAE ina bhunús dlí le Coiste Fiosrúcháin sealadach a bheith á bhunú ag an bParlaimint chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe nó drochriarachán líomhnaithe i gcur chun feidhme dhlí an Aontais, gan dochar do dhlínse chúirteanna náisiúnta nó chúirteanna an Aontais, agus de bhrí gur gné thábhachtach de chumhachtaí maoirseachta na Parlaiminte é sin;

B. de bhrí, ar bhonn togra ó Chomhdháil na nUachtarán, gur chinn an Pharlaimint, an 19 Meitheamh 2020, Coiste Fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i bhfeidhmiú dhlí an Aontais maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de;

C. de bhrí go dtuigtear le sárú gur ann d'iompar neamhdhleathach, eadhon gníomhaíocht

[13] Tag. Ares(2020)617395 – 31.1.2020.
[14] Tag. Ares(2020)2217898 – 24.4.2020.
[15] Tag. Ares(2016)4171631 – 5.8.2016.
[16] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[17] https://www.oie.int/app/uploads/2021/05/en-oie-aahs.pdf

nó neamhghníomh de shárú ar an dlí, ar thaobh institiúidí nó comhlachtaí an Aontais nó ar thaobh na mBallstát agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu;

D. de bhrí go gciallaíonn drochriarachán riarachán lag nó teipthe a tharlaíonn, mar shampla, má mhainníonn institiúid prionsabail an dea-riaracháin a urramú, agus de bhrí go n-áirítear ar shamplaí drochriaracháin neamhrialtachtaí agus easnaimh riaracháin, mí-úsáid cumhachta, éagóir, mífheidhmiú nó neamhinniúlacht, idirdhealú, moilleanna inseachanta, diúltú faisnéis a sholáthar, faillí, agus laigí eile atá ina léiriú ar mhífheidhmiú i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais in aon réimse a chumhdaítear leis an dlí sin;

E. de bhrí gur thosaigh an Coiste Fiosrúcháin ar bheith ag obair an 23 Meán Fómhair 2020, tráth a leag sé amach an mhodheolaíocht dá chuid oibre arb éard a bhí inti ná éisteachtaí poiblí, comhairliúcháin le saineolaithe, iarrataí ar shonraí, fianaise agus taighde;

F. de bhrí go luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 13 CFAE: 'agus beartais an Aontais maidir leis an talmhaíocht, leis an iascach, leis an iompar, leis an margadh inmheánach agus leis an taighde agus leis an bhforbairt theicneolaíoch agus leis an spás á bhfoirmiú agus á gcur chun feidhme acu, tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit lánaird, toisc gur neacha mothaitheacha na hainmhithe, ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe agus forálacha reachtaíochta nó riaracháin agus nósanna na mBallstát, go háirithe maidir le deasghnátha reiligiúnacha, traidisiúin chultúrtha agus oidhreacht réigiúnach, á n-urramú acu';

G. de bhrí go ndéantar an méid seo a leanas a shonrú go soiléir in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005: 'ní iompróidh duine ar bith ainmhithe, ná ní bheidh an duine sin ina shiocair le hainmhithe a bheith á n-iompar, ar chaoi is dócha a ndéanfadh díobháil dóibh nó a gcuirfí fulaingt rómhór orthu' agus go luaitear in aithris 5 de 'gur cheart iompar ainmhithe thar aistear fada ... a theorannú a mhéid is féidir, ar mhaithe le leas ainmhithe';

H. de bhrí, i mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 23 Aibreán 2015, gur rialaíodh, chun go mbeadh oibríocht iompair faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle údaraithe ag údarás inniúil na háite imeachta, nach mór d'eagraí an turais turasleabhar réalaíoch a thíolacadh ina dtabharfar fios go gcomhlíonfar forálacha an rialacháin, lena n-áirítear i gcomhair na gcéimeanna den turas a dhéanfar lasmuigh de AE;

I. de bhrí gur rialaigh breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Deireadh Fómhair 2017 i gCás C-383/16[18] go bhfuil feidhm iomlán ag Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón imeacht in AE go dtí an ceann scríbe, fiú má tá an ceann scríbe i dtríú tír;

J. de bhrí nach bhfuil na Ballstáit ag cur Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 i bhfeidhm ar bhealach dian go leor agus docht go leor laistigh de AE agus nach bhfuil sé á fhorfheidhmiú acu ar chor ar bith lasmuigh de AE;

[18] Breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2017, *Vion Livestock BV* v *Staatssecretaris van Economische Zaken*, C-383/16, ECLI:EU:C:2017:783.

K. de bhrí go bhfuil fadhbanna ar leith ag baint le hainmhithe nach bhfuil bainte den dúil a iompar;

L. de bhrí gur minic a bhíonn turasleabhair neamhiomlán agus a dhéantar am measta turais atá róghearr le bheith réadúil a chur ar fáil iontu;

M. de bhrí gur minic nach gcomhlíonann airde inmheánach feithiclí iompair caighdeáin íosta agus gur minic eascair neamhleor i bhfeithiclí iompair; de bhrí gur minic nach leor na deighiltí i bhfeithiclí iompair;

N. de bhrí gurb ann don fheiniméan ‘preabadh lárionaid tionóil’ freisin, lena ndéantar ainmhithe a aistriú ó lárionad tionóil go chéile chun fad an iompair a cheilt;

O. de bhrí go bhfuil roinnt cúiseanna le gluaiseacht ainmhithe beo, lena n-áirítear margaíocht, ramhrú, marú, tógáil agus pórú, chomh maith le comórtais agus taispeántais;

P. de bhrí gur minic gur féidir, go teicniúil, agus bíonn sé níos réasúnaí uaireanta ar chúiseanna leasa ainmhithe, feoil agus ábhar géiniteach agus táirgí ainmhithe eile a iompar, in ionad ainmhithe beo a iompar chun críche maraithe agus póraithe;

Q. de bhrí, de réir thuairim eolaíoch EFSA ó mhí Eanáir 2011, go meastar gur toisc riosca mór é iompar ainmhithe maidir le leathadh galar ionfhabhtaíoch ainmhithe in AE[19];

R. de bhrí go ndéantar, gach bliain, na milliúin ainmhithe a iompar thar achair ghearra agus thar achair fhada araon laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus chuig tríú tíortha; de bhrí gur féidir é sin a ionadú go caoithiúil trí fheoil, táirgí ainmhithe agus ábhar géiniteach a iompar;

S. de bhrí, in 2019, gur trádáladh tuairim is 1.4 billiún eallach, muc, éanlaith chlóis, caora, gabhar agus capall ar fud na mBallstát agus 4.3 milliún eallach, 3.3 milliún caora agus gabhar, 36.9 milliún muc, 1 300 milliún éanlaith chlóis agus 55 692 capall, agus gurb í éanlaith chlóis an grúpa ainmhithe is mó a trádáladh, arb ionann an líon di a trádáladh agus ar a laghad 57 % d’iomlán na n-ainmhithe beo a trádáladh sna Ballstáit uile[20];

T. de bhrí go bhfuil toirmeasc curtha ag roinnt tíortha nó réigiún in AE agus ar fud an domhain ar ainmhithe beo a iompar thar achair fhada chuig tríú tíortha agus thar lear, agus go bhfuil tíortha eile ag breathnú ar dhéanamh amhlaidh ós rud é nach féidir an t-iompar a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, agus go bhfuil sé dodhéanta na fíordhálaí a mheas le linn aistear fadachair chuig tríú tíortha;

U. de bhrí go bhfuil saoránaigh AE ag iarraidh a fheiceáil go bhfuiltear ag comhlíonadh caighdeáin leasa ainmhithe, go háirithe maidir le hainmhithe beo a iompar;

V. de bhrí go gcruthaítear i staidéir chuimsitheacha go mbíonn tionchar ag leas ainmhithe

[19] https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.2903/j.efsa.2011.1966

[20] Grinnanailís – ‘Patterns of livestock transport in the EU and to third countries’ [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.

ar cháilíocht feola;

W. de bhrí gur iompraíodh 2.8 milliún caora agus eallach ar muir go dtí an Chróit, an Fhrainc, Éire, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Spáinn in 2018[21];

X. de bhrí go n-onnmhairítear thart ar 700 000 eallach agus caora go bliantúil ó AE go dtí an Tuirc, go n-iompraítear líon ard eallach (70 000) go dtí an Liobáin freisin, agus an chuid is mó acu ag imeacht ón bhFrainc agus ón Spáinn, agus go gcuireann an Fhrainc tuilleadh onnmhairí go dtí an Ailgéir, an Túinéis agus Maracó[22];

Y. de bhrí in 2018 go ndearnadh thart ar 239 000 eallach pórúcháin, 78 000 eallach lena marú, 416 000 muc, 2.4 milliún caora agus 14 000 gabhar a onnmhairiú as AE go tríú tíortha lena pórú nó lena marú, agus gur onnmhairíodh thart ar 230 milliún eallach, muc, éanlaith chlóis agus caora ó AE go tríú tíortha, agus gurb í an éanlaith chlóis an beostoc saothraithe ba mhó a ndearnadh trádáil orthu, arbh ionann í agus 98 % de na honnmhairithe[23];

Z. de bhrí go gcuirtear níos mó ná 600 000 muc gach bliain ó AE go dtí an Rúis, agus go dtí an Úcráin agus go dtí an Moldóiv, agus go ndéantar muca a iompar thar achair fhada ón nGearmáin go dtí an Rúis, go dtí an Úcráin, go dtí an Mholdóiv agus go dtí an tSeirbia[24];

AA. de bhrí go mbraitheann príomh-chomhpháirtithe trádála AE ar speicis ainmhithe, agus go raibh an Úcráin ina comhpháirtí trádála tábhachtach in 2019, nuair a d'allmhairigh sí 84.6 milliún ainmhí talún feirmshaothraithe – éanlaith chlóis den chuid is mó – agus go raibh an Bhealarúis, Gána, an Éigipt, Maracó agus an Albáin ina gcinn scríbe tábhachtacha eile onnmhairithe d'éanlaithe clóis AE in 2019, an chuid is mó díobh ag teacht ón bPolainn, ar tháinig thart ar 61.9 milliún ainmhí uaithi agus, i ndiaidh na Polainne, an Ungair ar tháinig 35.6 milliún ainmhí uaithi, an Ísiltír ónar tháinig 29.8 milliún ainmhí agus an Fhrainc ónar tháinig thart ar 25.4 milliún ainmhí[25];

AB. de bhrí go raibh luach EUR 8.6 billiún ar thrádáil ainmhithe beo laistigh de AE in 2018, agus gurbh iad bó-ainmhithe, muca agus éanlaithe clóis ab airde luach; de bhrí gurb ionann luach onnmhairithe ainmhithe beo agus thart ar EUR 1.6 billiún[26];

---

[21] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[22] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[23] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[24] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[25] Grinnanailís – 'Patterns of livestock transport in the EU and to third countries' [Patrúin iompair beostoic in AE agus chuig tríú tíortha], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 5 Iúil 2021.
[26] Sracfhéachaint – 'Trádáil agus iompar ainmhithe beo in AE', Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um

AC. de bhrí nach mór don Choimisiún a áirithiú go gcuireann gach Ballstát reachtaíocht AE maidir le hiompar ainmhithe i bhfeidhm i gceart, ní hamháin chun leas ainmhithe a áirithiú ach chun iomaíocht éagórach a sheachaint freisin;

AD. de bhrí go bhfuil thart ar 4 mhilliún duine fostaithe ag feirmeacha beostoic na hEorpa (idir dhaoine ar pá agus daoine gan pá), a bhfuil cónaí ar 80 % díobh sna Ballstáit is déanaí a tháinig isteach in AE[27];

AE. de bhrí nár cheart go mbeadh suíomh geografach ina bhacainn ar shaorghluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí, mar a ráthaítear faoi Chonarthaí AE;

AF. de bhrí gurb í an fheirmeoireacht bheostoic príomhthairbhí an chúnaimh ón dara colún d'fheirmeacha i gceantair faoi mhíbhuntáiste, arb ionann iad agus 50 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta san Eoraip, agus de Bhearta Agra-Chomhshaoil lena gcúitítear na costais bhreise atá nasctha le suíomh neamhfhabhrach nó leis an oibleagáid faoinar gá reachtaíocht shonrach a urramú[28];

AG. de bhrí go sainmhínítear oiriúnacht dá n-iompar ar bhealaí éagsúla sna Ballstáit, agus de bhrí gur minic a bhíonn mearbhall ina measc siúd atá freagrach faoinar gá a dhéanamh má dhearbhaítear nach bhfuil ainmhithe oiriúnach dá n-iompar;

AH. de bhrí go bhfuil ról buntábhachtach ag trádáil éisc laistigh de AE laistigh de thrádáil iascaigh AE ina hiomláine agus de bhrí gurbh ionann í agus 86 % den trádáil iomlán laistigh de AE agus lasmuigh de in 2014, agus na méideanna a díoladh laistigh de AE ag baint 5.74 milliún tona amach, agus luach EUR 20.6 billiún orthu – an méid is airde a cláraíodh ó 2006 i leith[29];

tar éis na conclúidí seo a leanas a ghlacadh:

***Torthaí ginearálta***

1. á chur i bhfáth go mbíonn strus ar ainmhithe ag baint lena n-iompar, gan beann ar an modh iompair, agus gur minic a bhíonn tionchar diúltach aige ar a sláinte agus ar a leas agus ar shláinte an tomhaltóra, go háirithe nuair a dhéantar an t-iompar a phleanáil go dona nó nuair a bhraitheann sé ar theicneolaíocht agus ar threalamh atá as dáta, nó nuair a dhéantar an t-iompar ar dhóigh atá mícheart ar bhealach eile;

2. ag tabhairt dá haire go mbíonn sé thar a bheith deacair Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a fhorfheidhmiú i gcás ina dtéann iompar trí roinnt Ballstát agus i gcás ina bhfuil an turasleabhar formheasta ag Ballstáit éagsúla agus ina bhfuil an t-údarú agus an deimhniú clárúcháin don fheithicil agus an deimhniú inniúlachta don tiománaí éisithe acu don iompróir; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, i gcás ina sainaithníonn na Ballstáit sáruithe ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, nach mór dóibh fógra a thabhairt do na Ballstáit eile go léir faoi na sáruithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 26;

3. ag tabhairt dá haire, cé gur tionscnamh le tosca amhail teochtaí foircneacha, easpa bia,

Thaighde Parlaiminteach, Seirbhís Taighde na bhFeisirí, 7 Feabhra 2020.
[27] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/04af47b0-0c38-11eb-bc07-01aa75ed71a1/language-en
[28] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/04af47b0-0c38-11eb-bc07-01aa75ed71a1/language-en
[29] https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2016/february/tradoc_154321.pdf

uisce agus scíthe, lódáil agus dílódáil[30] é fad an turais, nach é an t-aistear féin a chruthaíonn fadhbanna leasa d'ainmhithe beo agus iad á n-iompar; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ach dálaí barrmhaithe, sláintiúla agus oiriúnacha a bheith ann, go bhféadfadh ainmhithe feirme atá folláin agus oiriúnach a iompar ar feadh tréimhsí fada gan cur as dá leas[31];

4. á chur i bhfios go láidir gur glacadh an rialachán iompair breis agus 15 bliana ó shin agus nach socraítear na dálaí ann i gcomhréir leis an taighde eolaíoch is déanaí agus leis an eolas is déanaí faoi fhiseolaíocht agus riachtanais ainmhithe;

5. á chur i bhfios go láidir gur ann d'iompar ainmhithe beo mar thoradh ar speisialtóireacht feirmeoirí i gcéim amháin nó níos mó de shaol an ainmhí, ar bhainistiú saincheisteanna comhshaoil agus ar chórais táirgthe éagsúla ar fud an Aontais, a eascraíonn as tosca éagsúla geografacha, aeráide, comhshaoil agus traidisiúnta, agus go dtacaíonn sé le neart eacnamaíoch agus beogacht shóisialta i gcríocha ar fud an Aontais, ar críocha iad ina bhfuil na príomhlimistéir táirgthe atá lonnaithe i limistéir atá á mbánú nó i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu ar fud an Aontais;

6. á mheabhrú gur aithin na Ballstáit uile, i gconclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir le leas ainmhithe, na dúshláin a bhaineann leis an iompar fadachair do leas ainmhithe, na heasnaimh agus na neamhréireachtaí atá ann i ndáil leis na rialacha a fhorfheidhmiú na rialacha agus gur gá na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, agus freisin gur gá an reachtaíocht reatha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, i bhfianaise an eolais eolaíoch is déanaí;

7. á mheabhrú, i ndáil leis sin, go gceadaítear do na Ballstáit le hAirteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 bearta náisiúnta níos déine a ghlacadh arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar leas ainmhithe agus iad á n-iompar go hiomlán laistigh dá gcríoch nó le linn iompar ar muir a imíonn óna gcríoch;

8. á mheabhrú gur shainaithin an Coimisiún, ina thuarascáil ó 2011 maidir le tionchar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, go bhfuil bearna idir ceanglais na reachtaíochta agus an fhianaise eolaíoch atá ar fáil; á mheabhrú, thairis sin, gur aithin an Coimisiún go raibh forfheidhmiú an Rialacháin ina mhórdhúshlán, go pointe áirithe i ngeall ar na difríochtaí sa léirmhíniú ar na ceanglais agus go pointe áirithe i ngeall ar easpa rialuithe ag na Ballstáit;

9. á chur in iúl gur oth léi nach ndearna an Coimisiún obair leantach leordhóthanach ar na rúin ón bParlaimint an 12 Nollaig 2012 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar agus an 14 Feabhra 2019 i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh de AE agus

[30] Torthaí ó thionscadail eolaíochta (Hartung, Joerg, 'The new EU Animal Transport Regulation: Improved welfare and health or increasing administration?'[Rialachán nua AE maidir le hIompar Ainmhithe: Leas agus sláinte níos fearr nó riarachán méadaithe?] *Deutsche tierärztliche Wochenschrift*, Iml. 113, Uimh. 3, 2006, lgh. 113-116; In Marahrens, Michael et al., 'Special problems of long-distance road transports of cattle'[Fadhbanna speisialta in iompar fadachair eallach de bhóthar], *Deutsche tierärztliche Wochenschrift*, Iml. 110, Uimh. 3, 2003, lgh. 120-125), léirítear gurb iad an lódáil agus an dílódáil príomhfhoinse an struis agus ní fad an iompair.

[31] https://www.researchgate.net/publication/221974187_Road_transport_of_farm_animals_Effect_of_journey_duration_on_animal_welfare

lasmuigh de, ar rúin iad ina raibh, i measc nithe eile, éilimh shoiléire ar amanna iompair níos giorra d'ainmhithe agus ar sheiceálacha níos fearr ar chomhlíonadh rialacha AE chun ainmhithe a chosaint le linn a n-iompair;

10. á chur in iúl gur oth léi an easpa comhair ó roinnt Ballstát maidir leis an gceistneoir a sheol an Coiste Fiosrúcháin a líonadh i dtaobh Cosaint Ainmhithe agus iad á nIompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de, rud a d'fhág go raibh sonraí ar iarraidh maidir le sáruithe a d'fhéadfadh tarlú ar an talamh;

11. á chur i bhfios go láidir gur iarr Cónaidhm na dTréidlianna san Eoraip (FVE) go dtógfaí ainmhithe chomh gar agus is féidir don áitreabh ina mbeirtear iad agus gur cheart iad a mharú chomh gar agus is féidir don phointe táirgthe[32];

12. á chur i bhfáth nach gcomhlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 i gcónaí laistigh de na Ballstáit agus nach gcuirtear san áireamh go hiomlán ann na riachtanais iompair dhifriúla atá ag ainmhithe, de réir speicis, aoise, méide agus riocht fisiciúil, nó gnéithe sonracha fiseolaíocha agus eiteolaíocha, riachtanais maidir le beathú agus uisce, nó bogthaise agus láimhseála;

13. á mheabhrú gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán iompair chun a áirithiú nach gá do thiománaithe rogha a dhéanamh idir na rialacha a leanúint agus leas na n-ainmhithe;

14. ag baint de thátal as gurb é is tionscnamh le mórán de na fadhbanna a bhaineann le hiompar ainmhithe ná forálacha reachtacha doiléire, ceanglais mhíthreoracha agus easpa sainmhínithe soiléire, a fhágann go bhféadfaí bríonna éagsúla a bhaint astu; á chur i bhfáth gur minic a dhéantar sáruithe córasacha agus a chuirtear na rialacha i bhfeidhm ar bhealach neamh-chomhchuibhithe agus míchothrom mar thoradh ar an méid sin ar fad, rud a chuireann leis na rioscaí d'ainmhithe agus dá ndea-bhail; á chur i bhfáth freisin go mbaineann an méid sin an bonn den chothroime iomaíochta idir oibreoirí san earnáil, ag fágáil go mbíonn ar na cuideachtaí agus ar na Ballstáit a chloíonn leis na rialacha dul i ngleic le hiomaíocht éagórach uathu siúd nach gcloíonn leo, rud a d'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, a bheith ina chúis le 'sodar go grinneall' i dtaobh caighdeáin leasa ainmhithe agus iad á n-iompar; á mheas, dá bhrí sin, nach mór do ghnóthais, bídís nó ná bídís freagrach as pórú, ramhrú, iompar nó allmhairí nó onnmhairí, a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh ina n-iomláine;

15. á chur in iúl gur díol sásaimh di seiceáil oiriúnachta an Choimisiúin ar reachtaíocht AE maidir le leas na ainmhithe feirmshaothraithe a mholtar sa Straitéis 'an Feirm go dtí an Forc', go háirithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005;

16. ag tabhairt dá haire, cibé áit a gcuireann gach Ballstát Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 chun feidhme go hiomchuí, go mbíonn tionchar dearfach aige ar leas ainmhithe agus iad á n-iompar;

17. ag tabhairt dá haire go gcloíonn Ballstáit áirithe leis na ceanglais a mheastar a bheith riachtanach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus, in mórán cásanna, go dtéann siad

[32] 'The welfare of animals during transportation'[Leas ainmhithe agus iad á n-iompar], FVE, 15 Samhain 2008.

thar na ceanglais sin;

18. á chur in iúl gur geal léi gur thug an Coimisiún sainordú do EFSA measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí atá ar fáil maidir le leas na bpríomhspeiceas feirme le linn iompair agus maidir le rioscaí dá ndea-bhail, agus ag leagan béim ar an ngá práinneach atá le measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí maidir le leas éisc agus ainmhithe coimhdeachta agus iad á iompar;

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé aitheanta ag EFSA go bhfuil foilseacháin eolaíocha ar leas ainmhithe gann[33] agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina shrian maidir le comhlíonadh an tsainordaithe atá ag gCoimisiún an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun an fhianaise eolaíoch is déanaí a chur san áireamh;

20. á chur i bhfáth gur gá cóir chomhionann a ráthú d'ainmhithe gan beann ar a luach tráchtála, agus na dálaí iompair is fearr a áirithiú i gcónaí;

21. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil roinnt údarás inniúil náisiúnta ag déanamh taighde eolaíoch ar thionchar an iompair ar ainmhithe beo;

22. á chur in iúl gur cúis mhór imní agus feirge sa tsochaí í fulaingt na n-ainmhithe, imní agus fearg a d'fhág, i measc nithe eile, go bhfuair an Coimisiún milliún síniú an 21 Meán Fómhair 2017 don fheachtas #StopTheTrucks, inar iarr saoránaigh na hEorpa go gcuirfí deireadh le hiompar fadachair ainmhithe;

***Forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005***

23. ag tarraingt aird ar na tuarascálacha iniúchóireachta athfhillteacha agus ar fhaisnéise ó shaoránaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis phoiblí ar fadhbanna leasa ainmhithe le linn iompair agus neamhchomhlíonadh an Rialacháin, go háirithe maidir le turais fhada agus iompar chuig tríú tíortha, rud a bhaineann an bonn ó chumas an Aontais Eorpaigh a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le cosaint leasa ainmhithe le linn iompair a áirithiú ón lódáil go dtí an ceann scríbe deiridh, laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha araon;

24. ag meabhrú na faisnéise arna soláthar ag eagraíochtaí neamhrialtasacha thar dheicheanna de bhlianta roimhe seo agus na ngearán a thaisceadh leis an gCoimisiún i dtaca leis an mainneachtain líomhnaithe Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire a gconclúidí maidir le sáruithe córasacha ar an Rialachán; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhaisnéis a sholáthar Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia an Choimisiúin ina Tuarascáil Iniúchóireachta oifigiúil maidir le mainneachtain na mBallstát a ndearnadh iniúchadh orthu Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a chur chun feidhme, chomh maith leis an riosca go bhfulaingeoidh ainmhithe le linn a n-iompair;

25. ag aithint na litreacha a sheol an Coimisiún, faoi chuimsiú na straitéise 'ón bhFeirm go dtí an Forc', inar iarradh ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaí ceanglais an Aontais láithreach agus ina n-iomláine, lena n-áirítear maidir le leas ainmhithe agus iad á n-iompar, agus á chur in iúl go bhfuil sí meáite ar ghníomhaíocht dhlíthiúil a dhéanamh i

[33] https://www.efsa.europa.eu/en/news/animal-transport-help-us-prepare-our-assessment

gcás neamhchomhlíonadh atá córasach nó arb ann dó arís agus arís eile; ag tabhairt go bhfuil easpa imscrúduithe leantacha ann, arb imscrúdaithe iad a eascraíonn as an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag saoránaigh agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha; ag cur in iúl gur oth léi, ar an drochuair, nach bhfuil aon imeachtaí um shárú, ar cheart iad a sheoladh i gcás neamhchomhlíonta, tionscanta ag an gCoimisiún i gcoinne aon Bhallstáit, in ainneoin sáruithe a bheith á ndéanamh arís agus arís eile ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ag roinnt Ballstát;

26. á chur in iúl gur díol sásamh di forálacha an chomhbheartais talmhaíochta nua, a rannchuidíonn go mór le leas ainmhithe feirme tríd an sásra tras-chomhlíonta agus trí fheirmeoirí beostoic a spreagadh le caighdeáin níos airde a chur i bhfeidhm tríd an tacaíocht airgeadais a dheonaítear faoin mbeartas forbartha tuaithe;

27. ag tabhairt dá haire go bhfuil nasc idir na sáruithe is minice a dhéantar le linn an iompair, agus a ndéantar doiciméadú orthu, agus an easpa spáis cloiginn, ainmhithe a bheith neamhoiriúnach don iompar, róphlódú, feistí uisce míchuí nó an easpa soláthair uisce agus bia a fhágann go ndíhiodráitítear ainmhithe, iompar le linn teochtaí foircneacha agus aeráil uireasach laistigh de mhodhanna iompair, fad an-fhada an turais agus mainneachtain amanna scíthe a chomhlíonadh; ag tabhairt sáruithe coiteanna eile dá haire freisin amhail neamhaird ar rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-424/13, turasleabhair neamhréadúla agus pleananna teagmhasacha neamh-indéanta; ag tabhairt dá haire ina theannta sin gurb iad na sáruithe is minice a ndéantar doiciméadú orthu maidir le hiompar de mhuir ná easpa pearsanra oilte a láimhseálann na hainmhithe agus easpa pleananna teagmhasacha d’iompróirí;

28. ag tabhairt dá haire gur gá feabhas a chur ar an tseiceáil a dhéantar ar thurasleabhair; cur i bhfeidhm agus comhréireacht smachtbhannaí; oiliúint tiománaithe agus cuideachtaí; agus an próiseas deimhniúcháin do mhodhanna iompair de bhóthar agus do shoithí beostoic, ionas go ndiúltófar deimhniúchán do mhodh iompair nach féidir dálaí iompair maithe a chur ar fáil leis;

29. á chur in iúl go bhféadfaí leas ainmhithe agus iad á n-iompar a áirithiú níos fearr trí shonraí a thaifeadadh agus a sheiceáil i bhfíor-am trí GPS, físfhaireachas agus teicneolaíochtaí eile;

30. á chur in iúl go bhfágann na lamháltais spáis mar a shainmhínítear sa Rialachán go bhféadfadh na húdaráis inniúla agus na hiompróirí léirmhínithe éagsúla a dhéanamh, go háirithe nuair a theastaíonn oiriúnuithe chun dálaí meitéareolaíocha agus amanna turais a chur san áireamh; á chur i bhfáth go ndéanann an róphlódú dochar ar leith d’ainmhithe i dteannta na haerála uireasaí;

31. á aithint gur féidir gur minic ceanglais dhoiléire maidir le spás cloiginn ina siocair le hainmhithe gan a bheith in ann seasamh ina riocht nádúrtha, rud a bhaineann an bonn ón gcuspóir i dtaobh ainmhithe a chosaint agus iad á a n-iompar agus á áitiú go bhfuil gá le tuilleadh fianaise eolaíche chun moltaí cruinne a sholáthar;

32. á aithint gur tuairiscíodh cleachtais faillíocha maidir le ainmhithe a lódáil gan na ceanglais maidir lena scaradh i gcomhréir le haois a urramú, eadhon trí ainmhithe atá bainte den dúil a mheascadh le hainmhithe nach bhfuil bainte den dúil, speicis agus méideanna éagsúla, bíodh adharca acu agus an bodóga torracha iad, agus na

heisceachtaí dá bhforáiltear i bpointe 1.13 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 á n-aithint ag an am céanna;

33. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé tuairiscithe roinnt uaireanta go ndearnadh ainmhithe a láimhseáil go mícheart agus iad á lódáil agus á ndílódáil, láimhseáil arb í is cúis le strus, fulaingt, gortuithe agus básmhaireacht mhéadaithe, lena n-áirítear i measc speicis atá an-leochaileach amhail éanlaith chlóis nó coiníní; á chur i bhfáth gurb é is toradh ar láimhseáil cheart ainmhithe ná leas feabhsaithe d'ainmhithe, agaí lódála agus dílódala a d'fhéadfadh a bheith níos giorra, laghdú ar chaillteanas meáchain, líon níos lú gortuithe agus créachtaí, laghdú ar chásanna galair agus ar riosca sláinte, agus, i ndeireadh na dála, cáilíocht feola níos fearr agus riosca laghdaithe maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, a théann i méid nuair a iompraítear ainmhithe i spásanna cúnga ar cúis struis iad; á aithint go bhfuil saoráidí lódála mí-oiriúnacha ann agus go ndéantar ainmhithe a láimhseáil go míchuí agus soithí á luchtú, mar shampla trí úsáid a bhaint as maidí agus as smachtíní leictreacha;

34. á mheas go bhfuil deighiltí neamhleora i bhfeithiclí bóthair ina sárú coiteann ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le hainmhithe a bheith á ngortú;

35. á chur i bhfáth, de réir Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, go mbíonn an fhreagracht as measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil ainmhithe oiriúnach don iompar comhroinnte idir an feirmeoir, an tiomanaí agus na cuideachtaí iompair ach, cé go mbíonn freagrachtaí éagsúla orthu i ndáiríre, nach bhfuil sainmhíniú beacht ar an deighilt sa rialachán agus gur cheart aghaidh a thabhairt air sin ar bhealach níos fearr, eadhon maidir le saincheisteanna dliteanais; ag tabhairt le fios go bhfágann an fhreagracht chomhroinnte sin go bhféadfadh gach páirtí lena mbaineann a bheith freagrach as sáruithe ar leas ainmhithe nach bhfuil aon smacht acu orthu, agus nach féidir leo a bhrath ar aon bhealach, mar gurb iad na feirmeoirí a mbíonn stair agus ar stádas na n-ainmhithe ar eolas acu sula ndéantar iad a iompar; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur gnáth nach mbíonn ach faisnéis theoranta ag an iompróir maidir leis na hainmhithe roimhe seo (go háirithe maidir le hainmhithe baineanna atá torrach) agus nach mbíonn ach tréimhse ghearr acu roimh an gcéim lódála chun an fhaisnéis sin a sheiceáil;

36. ag tabhairt dá haire go mbaineann na sáruithe is coitianta ina leith sin le hiompar ainmhithe torracha, ainmhithe atá níos mó ná 90 % den bhealach tríd an tréimhse toirchis, a shaolaíonn ainmhí ar bord uaireanta, ainmhithe nach féidir leo seasamh (ar a bhfuil laige fhiseolaíoch agus/nó créachtaí nó riocht paiteolaíoch), agus ainmhithe a bhfuil créachtaí nó tultitim orthu;

37. ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, gur minic a dhéantar turasleabhair a thíolacadh agus a fhormheas, agus úsáid á baint as faisnéis atá neamhréalaíoch nó in easnamh, nó nach dtugtar faisnéis ar bith maidir leis an turas;

38. á chur gur cúis bhuartha di na dúshláin shuntasacha eacnamaíocha a bhíonn le sárú ag seamlais bheaga áitiúla; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, go háirithe, go bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh ar sheamlais agus go bhfuil laghdú tagtha ar a líon;

39. á mheas gur gá tacú le forbairt an mharaithe ar an bhfeirm, agus úsáid á baint as

seamlais shoghluaiste, i ngach cás inar féidir, chun nach mbeadh tuilleadh gá le hainmhithe beo a bheith á n-iompar;

*Nósanna imeachta údaraithe agus formheas na modhanna iompair*

40. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an líon tuarascálacha ar fheithiclí míchuí a bheith á n-úsáid chun ainmhithe beo a iompar, bíodh sé sin ar tír nó ar muir, agus ag aithint na móréagsúlachtaí idir na Ballstáit i ndáil leis an Rialachán a léirmhíniú agus a fhorfheidhmiú, a mhéid a bhaineann le formheas na modhanna iompair, go háirithe i ndáil leis na ceanglais reachtacha d'fheithiclí bóthair maidir leis an gcóras uiscithe, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais ainmhithe nach bhfuil bainte den dúil;

41. á iarraidh go nglacfaí caighdeáin chomhchuibhithe agus cheangailteacha le haghaidh údarú feithiclí agus soithí a iompraíonn ainmhithe beo, lena n-áirítear maidir le bail agus córas loingseoireachta satailíte na bhfeithiclí;

42. á mheabhrú nár tógadh na soithí a iompraíonn ainmhithe beo le haghaidh iompar beostoic go hiondúil, go bhfuil siad an-sean agus gur minic nach bhfuil siad athchóirithe go cuí, agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann siad riachtanais iompraíochta agus riachtanais speicis-sonracha na n-ainmhithe sin, agus go bhfuil riosca ag baint leo do dhea-bhail daoine agus ainmhithe araon; á thabhairt chun suntais go bhfuil 80 soitheach san iomlán ag a bhfuil ceadúnas Eorpach, agus go bhfuil 54 % díobh ceadúnaithe i dtíortha dúliostaithe as drochfheidhmíocht faoi Mheabhrán Tuisceana Pháras;

43. á chur in iúl, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil na nósanna imeachta cigireachta agus deimhniúcháin i gcomhair soithí beostoic ina nósanna imeachta comhchuibhithe agus nach bhfuil critéir cigireachta éigeantacha iontu i roinnt Ballstát, rud is measa fós mar gheall ar thorthaí na nósanna imeachta sin gan a bheith á gcur in iúl i measc na mBallstát, rud a fhágann go bhféadfaí soitheach a diúltaíodh i mBallstát amháin a fhormheas i mBallstát eile, agus dealraíonn sé freisin go bhféadfadh soithí an t-ainm a n-oibríonn siad faoi a athrú go tobann agus ar an gcaoi sin ceadúnas nua a iarraidh; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil fianaise ann i gcásanna áirithe gur fhormheas agus/nó gur cheadaigh údaráis roinnt Ballstát úsáid soithí nach gcomhlíonann rialacha AE maidir le leas ainmhithe agus ag tabhairt dá haire go bhféadfadh soitheach oibriú ó gach Ballstát a luaithe a bheadh sé formheasta ag aon Bhallstát amháin;

44. ag tabhairt dá haire thátal an Choimisiúin gurb amhlaidh, agus roinnt eisceachtaí ann, nach leor na córais atá i bhfeidhm chun soithí beostoic a fhormheas chun na rioscaí a íoslaghdú, go príomha toisc nach bhfuil nósanna imeachta leormhaithe ag formhór na n-údarás inniúil a dhéanann cigireacht ar shoithí beostoic, nó nach bhfuil rochtain acu ar shaineolas teicniúil sonrach (mar shampla seirbhísí tréidlia nó suirbhéara muirí), chun fíorú a dhéanamh ar chórais éigeandála soithí agus ar chórais le haghaidh caidéal uisce agus beathú, aeráil agus draenáil a fhíorú, ar córais iad uile atá ríthábhachtach do leas ainmhithe le linn turas ar shoitheach beostoic agus go bhfuil rialuithe leordhóthanacha ag teastáil ina leith; á chur in iúl gur oth léi gur gnách go n-oibríonn údaráis tréidliachta agus mhuirí ar bhealach aonair, agus go bhfuil a gcuid eolais agus oibre comhlántach le seiceálacha cuí a dhéanamh ar shoithí;

45. ag aithint rún an Choimisiúin bunachar sonraí Eorpach de chigireachtaí ar shoithí mara a fhorbairt, i dteannta leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, a mbeadh sé mar aidhm leis sin clár comhchoiteann seiceálacha a bhunú i dtreo is go mbeadh na Ballstáit uile in ann na seiceálacha uile a rinneadh roimhe sin ar shoitheach a fheiceáil, mar aon le torthaí na seiceálacha sin;

46. á aithint gurb ann, go ginearálta, do threoirlínte náisiúnta le haghaidh ceadú feithiclí beostoic d'iompar de bhóthar, ach á chur in iúl gur oth léi easpa comhchuibhithe na dtreoirlínte sin agus nach leantar iad i gcónaí le linn na nósanna imeachta formheasa, ar nósanna imeachta iad a fhágann go bhfuil siad comhleanúnach agus éifeachtúil; á chur in iúl gur oth léi freisin an easpa treoirlínte maidir le formheas soitheach;

47. á thabhairt chun suntais nach leor é a bheith ag brath ar ghlacadh deonach treoirlínte[34] maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar, seachas forálacha dlíthiúla a thabhairt cothrom le dáta chun na caighdeáin sin a chur chun feidhme ina n-iomláine, chun ainmhithe a chosaint go héifeachtach agus iad á n-iompar agus go bhfuil méadú tagtha ar na neamhréireachtaí idir na Ballstáit agus idir cuideachtaí; á mheabhrú nach mór na treoirlínte a d'fhoilsigh an Coimisiún a bheith i gcomhréir le taighde EFSA agus le moltaí maidir le leas ainmhithe, agus a bheith tugtha cothrom le dáta dá réir, agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005;

48. á chur i bhfios go láidir go gcruthaítear lúba ar lár suntasacha leis an sainmhíniú neamhleor ar 'cheann scríbe', mar, sa chleachtas, go bhfuil sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir fíorcheann scríbe agus áit le haghaidh aistrithe amháin, agus ós rud é go bhformheastar roinnt turas uaireanta a bhfuil ceann scríbe deiridh aige ar léir go bhfuil sé bréagach, amhail cuan;

49. ag aontú gur féidir na laigí a bhaineann le ceadú feithiclí iompair de bhóthar a bheith nasctha le teimpléid deimhnithe a bheith róghinearálta agus gan a bheith deartha ar bhonn speicis agus aois-shonrach, rud a fhágann go ndéantar difear do cháilíocht na nósanna imeachta cigireachta trí gan a dhóthain faisnéise mionsonraithe a sholáthar;

50. á aithint nach bhfuil roinnt feithiclí iompair de bhóthar iomchuí ó thaobh struchtúir de, go háirithe má tá ainmhithe nach bhfuil údaraithe dóibh á n-iompar acu agus nach ráthaíonn siad saoráidí iomchuí óil, sábháilteacht agus compord do na hainmhithe atá á n-iompar agus go bhféadfaí iomaíocht éagórach a chruthú leo; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil réitigh iomchuí nua agus nuálacha maidir le córais uisce agus beathaithe, mar aon le réitigh chun freastal níos fearr ar ainmhithe beo le linn gach turais a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, in easnamh i gcónaí nó nár thug gach oibreoir isteach iad go fóill; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cobhsaíocht agus intuarthacht do na cuideachtaí sin atá ag obair i gceart chun infheistíochtaí ina gcuid bonneagar a chur chun cinn;

51. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, i líon mór feithiclí, nach bhfuil saoráidí óil oiriúnaithe d'iompar sonrach óil ná do mhéid na n-ainmhithe atá á n-iompar: nach féidir leis na hainmhithe teacht orthu nó nach bhfuil líon leordhóthanach díobh ar fáil nó nach ndéantar iad a dháileadh go leormhaith; á chur in iúl gur oth léi nach dtugtar tásca beachta a bhaineann go sonrach leis an speiceas agus leis an gcatagóir faoi chineál na

[34] http://www.animaltransportguides.eu/

bhfeistí uisce nó an líon is gá d’fheistí uisce laistigh den fheithicil iompair leis an Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 atá ann faoi láthair; á chur in iúl gur oth léi go dtarlaíonn teagmhais leanúnacha fulaingthe ainmhithe agus iad á n-iompar de bharr easpa uisce; á mheabhrú go bhfuil gá le prótacail údarúcháin d’fheithiclí san Aontas;

52. ag tabhairt dá haire gur minic nach mbíonn córais fuaraithe aeir feistithe ar na feithiclí a úsáidtear chun ainmhithe a iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de; á chur i bhfios go láidir, in ainneoin córais aerála a ghluaiseann an t-aer tríd an urrann ainmhithe, go mbeidh teocht inmheánach na feithicle níos airde mar sin féin ná an teocht sheachtrach, mar thoradh ar theas cabhlach na n-ainmhithe féin, go háirithe nuair atá an fheithicil ina stad, agus nach bhfuil sé sin léirithe go leordhóthanach sa rialachán; á aithint nár cuireadh chun feidhme réitigh nua agus nuálacha don rialáil teochta ar fheithiclí i bhformhór na gcásanna;

53. á mheabhrú, cé gurb amhlaidh, faoin reachtaíocht reatha, gur ceanglas dlíthiúil iad na pleananna teagmhasacha a thíolacadh i gcás éigeandálaí chun údaruithe iompróirí a fháil do thurais fhada, nach amhlaidh atá i gcás gach turais agus na riachtanais shonracha a d’fhéadfadh a bheith ann ina leith; ag tabhairt faoi deara, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil ach líon beag údarás inniúil, iompróirí bóthair agus eagraithe iompair ann a bhfuil pleananna teagmhasacha indéanta acu chun freagairt do chásanna éigeandála agus, nuair a bhíonn siad ar fáil, nach gcumhdaíonn siad i gcónaí raon cásanna atá leathan go leor; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh iarmhairtí ollmhóra a bheith ag an méid sin, go háirithe d’ainmhithe a iompraítear ar muir má thagann éigeandálaí chun cinn; ag tabhairt dá haire nach ndéantar eolas an chriú ná an tiománaí ar phleananna teagmhais a fhíorú i gcónaí;

54. á chur i bhfáth, maidir leis na pleananna teagmhasacha a cheanglaítear faoi Airteagal 11(1)(b)(iv) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 do thurais fhada, lena gcuirtear ar chumas an iompróra an tionchar a bhaineann le haon mhoill nó tionóisc ar na hainmhithe a theorannú, ní mór dóibh a bheith éifeachtach, réadúil agus leathnaithe chun gach turas a áireamh;

55. á chur in iúl gur oth léi go bhféadfadh deimhniú inniúlachta do thiománaithe agus do fhreastalaithe na modhanna iompair i mBallstáit áirithe a bheith bailí go deo faoin gcreat atá ann faoi láthair, gan aon cheanglas éigeantach a bheith leagtha síos ar an leibhéal Eorpach le haghaidh cúrsaí athnuachana agus nuashonrú scileanna;

56. á aithint go bhfuil oiliúint agus oideachas bunriachtanach chun leas ainmhithe a choimirciú agus iad á n-iompar, chun a ráthú go mbeidh oibreoirí iompair ullmhaithe go maith chun an phleanáil theagmhasach a ghníomhachtú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar mar is ceart na ceanglais a bhaineann go sonrach le speicis; á aithint nach i gcónaí a chuirtear oiliúint iomchuí ar na hoibrithe atá freagrach as ainmhithe a láimhseáil sna calafoirt, go háirithe, agus nach ráthaítear leas na n-ainmhithe i gcónaí agus gur minic a sháraítear é; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht le feiceáil i gcáilíocht na hoiliúna a chuirtear ar na baill foirne a bhfuil baint acu le hiompar ainmhithe éagsúil, chomh maith lena luchtú agus lena ndíluchtú, i mBallstáit éagsúla agus nach leor na híoscheanglais maidir le hoiliúint a chur ar thiománaithe, agus nach mór d’iompróirí oiliúint foirne a eagrú iad féin;

57. á iarraidh ar na húdaráis inniúla, agus go háirithe tréidlianna, gan údarú iompair a eisiúint i gcás inar léir cheana féin nach bhfuil an sceidealú iompair agus/nó an réamhaisnéis teochta den chineál gur féidir glacadh leis go mbeidh an t-iompar in ann tarlú i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005;

58. ag tabhairt dá haire, i gcás ina sáraíonn cuideachtaí na rialacha maidir le hiompar ainmhithe beo, go mbíonn iomaíocht éagórach mar thoradh air sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit nós imeachta a fhorbairt chun ceadúnais na gcuideachtaí sin a tharraingt siar go tapa;

59. á mheabhrú freisin, sa chomhthéacs sin, an treoir maidir le cosaint sceithirí a neartú, go háirithe i gcomhthéacs seiceálacha tréidliachta;

60. á chur i bhfáth gur gá nósanna imeachta comhchuibhithe a fhorbairt chun iompar a fhormheas agus bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar leathadh galar tógálach ainmhithe le linn iompair, laistigh den Aontas agus ó thríú tíortha araon;

***Rialuithe agus bailiú agus malartú sonraí***

61. á mheabhrú go dtiocfaidh Rialachán (AE) 2017/625 maidir le Rialuithe Oifigiúla in ionad, amhail ón 15 Nollaig 2022, roinnt forálacha de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, eadhon seiceálacha ar thurais fhada, oiliúint a chur ar fhoireann na n-údarás inniúil, seiceálacha ag pointí fágála, bearta éigeandála i gcás neamhchomhlíonta, cúnamh frithpháirteach agus malartú faisnéise, sáruithe agus seiceálacha ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún, agus ag cur béim ar an ngá atá le cigireachtaí rialta agus críochnúla a dhéanamh; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh inneachar Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 atá ann faoi láthair éigeantach tar éis an 15 Nollaig 2022;

62. á mheabhrú gurb amhlaidh, de réir thuarascáil na Cúirte Iniúchóirí a cuireadh i dtoll a chéile in 2018, nár bhain formhór na n-údarás náisiúnta úsáid as an bhfaisnéis a bhí ar fáil sa Chóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) chun díriú ar a gcigireachtaí agus/nó ar a n-iniúchtaí, i bpáirt mar gheall ar shrianta rochtana úsáideora a bhí ann cheana; á aithint gur cheart a áirithiú go mbainfear úsáid níos fearr as córas TRACES chun seiceálacha cúlghabhálacha a dhéanamh; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint a chur ar oibreoirí córas TRACES a úsáid;

63. ag tabhairt dá haire na modhnuithe a rinneadh ar TRACES atá i bhfeidhm ó bhí mí Eanáir 2020 ann, a fhágann gur féidir leis na Ballstáit turais uile na n-iompar atá údaraithe acu a fheiceáil mar aon leis na turais uile a stadann ag poist rialaithe atá lonnaithe ina dtír féin;

64. ag tabhairt dá haire gur féidir agus gur cheart tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar chórais bailithe sonraí agus ar TRACES sa chreat reachtach reatha, chun cuidiú le nósanna imeachta a chomhchuibhiú idir údaráis inniúla na mBallstát; á mheabhrú go bhfuil forbairt bogearraí chun turais fhada agus trasteorann a láimhseáil fós ar siúl, ach go bhféadfaí, dá gcuirfí i bhfeidhm ar fud an Aontais iad, comhchuibhiú a dhéanamh den chuid is mó ar imréiteach agus ar an tseiceáil inchreidteachta is bun leis chun pleanáil bealaí agus dálaí aimsire a fhíorú; á mheabhrú gur féidir aon cheann de na gnéithe a bhfuil faireachán le déanamh orthu le haghaidh na seiceála inchreidteachta a

dhigitiú nó go bhfuil siad ar fáil cheana i bhfoirm dhigitithe;

65. á chur in iúl gur cúis imní di nach bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit taifead a dhéanamh ar shonraí maidir le hiompar ainmhithe a onnmhairítear go díreach óna gcríocha chuig áit lasmuigh de AE in TRACES; á chur in iúl gur oth léi nach ann do bhailiú sonraí iompair ar fud an Aontais, rud as a dtagann easpa sonraí cuimsitheacha sna Ballstáit, agus sa Choimisiún chomh maith: á chur i bhfios nach bhfuil na sonraí a bailíodh sna Ballstáit agus i gcóras TRACES láraithe go fóill, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta bearta leantacha a dhéanamh maidir le sáruithe córasacha ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, agus á chur i n iúl gur oth léi freisin an easpa leanúnach maidir le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú ó thríú tíortha;

66. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir níos fearr a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le conas is féidir le TRACES cabhrú leo a gcuid cigireachtaí a spriocdhíriú níos fearr;

67. á chur in iúl gur eol di, in ainneoin ardleibhéal an neamhchomhlíonta le hiompar ainmhithe, go bhfuil tuairisciú sáruithe idir na Ballstáit go dona, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair faireachán a dhéanamh ar iompar trasteorann laistigh de AE; á chur i bhfios go bhfuil easpa ann fós maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcoinne iad siúd a sháraíonn an rialachán; á mheabhrú nach ann d’aon chaighdeán ar fud AE maidir le rialú agus faireachán a dhéanamh ar chianiompar trasteorann ainmhithe ag na húdaráis inniúla, go háirithe lasmuigh de theorainneacha AE;

68. á mheabhrú gur minic a dhéanann údaráis na mBallstát an fhreagracht as na hanailísí riosca le haghaidh cigireachtaí iompair a tharmligean chuig údaráis áitiúla nó réigiúnacha; ag tabhairt chun suntais chastacht, neamhéifeachtacht agus drochdhigitiú na gcóras tuairiscithe, lena mbaineann roinnt eintiteas ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta i ngach Ballstát; á chur in iúl gur eol di gurb é an toradh a bhíonn air sin ná go mbíonn deacrachtaí cumarsáide ann idir na húdaráis lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla, agus i measc na mBallstát; ag tabhairt faoi deara nach ndéantar reachtaíocht an Chomhphobail maidir le cosaint ainmhithe a chosaint agus iad á n-iompar a chur i bhfeidhm go leor mar thoradh ar an malartú faisnéise idir na húdaráis;

69. á chur i bhfios gurb iad na Ballstáit, agus iadsan amháin, atá freagrach as córais smachtbhannaí a chruthú, rud a fhágann, ar deireadh, gur faoi gach Ballstát a bhíonn sé a nósanna imeachta riaracháin agus smachtbhannaí féin a shainiú, mar aon le leibhéal na bpionós ar sháruithe i gcás sáruithe ar leas ainmhithe le linn iompair, rud a fhágann córais fhíoréagsúla a bheith ann ar fud an Aontais, smachtbhannaí atá neamhéifeachtúil agus nach bhfuil athchomhairleach go leor, chomh maith le hiomaíocht éagórach idir oibreoirí ar fud an Aontais, agus bealaí áirithe a sheachaint, rud a fhágann, i gcásanna áirithe, go mbíonn achair iompair agus amanna iompair níos faide mar thoradh air; ag cur béim ar na dúshláin a bhaineann le smachtbhannaí a ghearradh ar thiománaithe as Ballstáit eile i gcás sáruithe ar leas ainmhithe; á chur i bhfios a thábhachtaí atá córas comhchuibhithe smachtbhannaí agus á chur in iúl gur oth léi nach ndearnadh aon dul chun cinn sa treo sin;

70. á chur in iúl gur cúis imní di nach leor seiceálacha agus go bhfuil cáilíocht éagsúil i

bhformhór na mBallstát, go háirithe seiceálacha bóthair agus seiceálacha cúlghabhálacha, a mbíonn mar thoradh orthu go minic go seachnaítear críoch roinnt Ballstát agus go mbíonn faduithe nach bhfuil gá leo ar an turas;

71. á chur i bhfios go bhfuil éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir le leibhéal na hoiliúna póilíní agus maidir le líon na bpóilíní atá oilte chun iniúchadh a dhéanamh ar iompar ainmhithe agus nach leor é i roinnt tíortha, agus gur minic a bhíonn an rialú cuí mar thoradh ar iarrachtaí aonair; á thabhairt chun suntais thairis sin nach leor líon na dtréidlianna oifigiúla agus líon na mball foirne údaraithe eile atá cáilithe chun cigireachtaí a dhéanamh ar fheithiclí agus ar shoithí atá ag iompar ainmhithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé de thoradh ar an staid sin, lena gcuirtear an easpa trealaimh agus bonneagair, nach ndéantar seiceálacha rialta leordhóthanacha cuí ar leas ainmhithe le linn an iompair; á chur i bhfáth go bhfuil laghdú tagtha ar líon iomlán na seiceálacha a rinne na húdaráis inniúla náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, in ainneoin an mhéadaithe a tháinig ar líon na gcoinsíneachtaí san Aontas ina bhfuil ainmhithe beo;

72. ag aithint na ndeacrachtaí a bhíonn ag na húdaráis inniúla maidir le seiceálacha a dhéanamh agus maidir le sonraí a bhailiú, go háirithe i dtaca leis an bhfaisnéis loga ag deireadh an turais mar aon le sonraí an chórais um loingseoireacht satailíte, a fhágann deacrachtaí a bheith ann agus turais á measúnú agus seiceálacha cúlghabhálacha á ndéanamh, agus freisin maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar iompróirí ó Bhallstáit eile; á aithint gurb é is cúis leis sin, go pointe áirithe, ná córas reatha na dturasleabhar páipéir agus an easpa caighdeán comhaontaithe do chórais um loingseoireacht satailíte;

73. ag tabhairt dá haire thuairim an Choimisiúin gur féidir dul chun cinn teicneolaíoch nua sa gheoshuíomh, i dturasleabhair leictreonacha agus sa rianú a fhágáil gur féidir tuilleadh sonraí a bhailiú agus a anailísiú, agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le feabhas a chur ar anailís riosca, ar rialuithe spriocdhírithe agus ar chigireachtaí; á áitiú, mar sin féin, go bhfuil iniúchtaí cois bóthair ar fheithiclí iompair ainmhithe a phioctar amach ón sreabhadh tráchta go randamach riachtanach agus comhlántach;

74. ag meabhrú bhreithiúnas 2015 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-424/13 ina luaitear nach mór don iompróir turasleabhar atá réadúil agus cruinn a thíolacadh ionas gur féidir comhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a fhíorú chun iompar lena mbaineann turas fada a thosaíonn ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus a théann lasmuigh den chríoch sin a údarú;

75. ag cur béim ar an ngá atá le córas smachtbhannaí comhchuibhithe de chuid an Aontais chun a áirithiú go mbeidh smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus go gcuirfear san áireamh leo athchionta, fiú amháin má dhéantar iad i mBallstáit éagsúla;

***Amanna na dturas agus tréimhsí scíthe***

76. á chur in iúl nach mór leas ainmhithe beo le linn a n-iompair a áirithiú i gcónaí, ón luchtú go dtí an ceann scríbe, gan beann ar fhad an turais; á mheabhrú gurb amhlaidh, de réir Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, go ndéanfar na socruithe uile is gá roimh ré chun fad an turais a íoslaghdú agus chun riachtanais na n-ainmhithe le linn an turais a chomhlíonadh, ach ag tabhairt dá haire go ndearnadh sáruithe arís is arís eile ar an rialachán i ndáil leis sin; á mheabhrú go bhfuil fad turais ar cheann de na tosca a

mhéadaíonn strus agus fulaingt na n-ainmhithe le linn a n-iompair, agus á mheas go mbaineann go leor de na fadhbanna tromchúiseacha le fad an turais; á mheabhrú, i gcomhréir le pointe 1.2 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn I, Caibidil V den Rialachán, nár cheart go rachadh amanna turais thar ocht n-uaire an chloig ach gur féidir síneadh a chur leo má chomhlíontar na ceanglais bhreise atá i gCaibidil VI; á mheabhrú go luaitear i dtuairimí na saineolaithe ó OIE, ó EFSA agus ó FVE gur cheart turais a bheith chomh gearr agus is féidir; ag tabhairt dá haire an mhéadaithe ar líon na dturas fada agus an-fhada ó 2005 go 2015;

77. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin úsáid éigeantach saoráidí rialaithe poist le haghaidh ainmhithe a dhíluchtú, a uisciú, a bheathú agus sos a thabhairt dóibh le linn turais fhada, nach leor a n-infhaighteacht ná a gcáilíocht i gcónaí chun cóiríocht chuí a chur ar fáil do na hainmhithe nó nach stopann tiománaithe na feithiclí nó nach ndíluchtaíonn siad na hainmhithe i gcónaí mar a cheanglaítear leis an rialachán, mar a tuairiscíodh ar ócáidí éagsúla; á chur in iúl gur oth léi nár comhchuibhíodh an mheastóireacht ar oiriúnacht na bpost rialaithe, agus á iarraidh go mbeadh fáil níos fearr ar phoist scíthe agus go gcuirfí feabhas ar cháilíocht na bpost sin;

78. á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar i gcónaí saoráidí poist le haghaidh díluchtaithe, uisce, beathaithe agus scíthe ainmhithe a shainaithint ar logaí turais fhada, mar a cheanglaítear, nó nach gcomhlíonann siad caighdeáin AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil iarracht déanta ag roinnt Ballstát agus réigiún áirithe a fhíorú cé chomh hoiriúnach is atá poist rialaithe lasmuigh de AE, ach nach bhfuil an iarracht sin comhchuibhithe agus go n-eascraíonn éagothroime iomaíochta aisti;

79. á mheabhrú nach dtugtar tásca beachta i Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 atá ann faoi láthair faoi mhéid agus cineál na heasrach a bheidh le cur ar fáil don bheostoc; á chur i bhfáth go bhfágann easair shalach nó neamhleor ainmhithe a bheith i mbaol gortuithe, i mbaol fuachta agus i mbaol míchompord fisiciúil agus iad ina luí, agus gur siocair é le dálaí sláinte diúltacha agus fulaingt nach bhfuil gá leis;

80. ag tabhairt dá haire na dtásc ina ndéanann a lán údarás inniúil logaí turais a bhfuil amanna turais measta acu atá i bhfad rógheal a fhormheas agus a stampáil, chomh maith le faisnéis eile atá in easnamh, rud atá glan in éadan forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005; á mheas nach mór ríomh amanna turais a bheith chomh cruinn agus is féidir, lena n-áirítear i gcóras TRACES; á chur in iúl gur oth léi nach roinntear sonraí rianaithe GPS ar bhonn éigeantach agus uathoibríoch chun críche faireacháin chúlghabhálach agus fhíor-ama agus chun críche measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis ar an turas agus ar na hamanna turais;

***Luchtú agus díluchtú***

81. á chur i bhfáth go bhfuil fadhbanna ar leith ag baint le hoibríochtaí luchtaithe agus díluchtaithe ó thaobh leas na n-ainmhithe de; á iarraidh ar na Ballstáit cigireachtaí córasacha agus éifeachtacha a dhéanamh sula luchtófar ainmhithe, go háirithe agus iad á luchtú ar longa;

82. á chur i bhfáth gur gá do thréidlianna oifigiúla a bheith i láthair agus ainmhithe á luchtú, go háirithe agus iad á luchtú ar longa; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá ar leith le cigireachtaí chun cosc a chur ar iompar ainmhithe mí-oiriúnacha agus ar aon

mhíchóireáil le linn luchtaithe;

*An teocht le linn an iompair*

83. á chur i bhfios gur minic a tharlaíonn nochtadh do theochtaí lasmuigh den raon dlíthiúil a cheadaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, idir + 5 °C agus + 30 °C, agus go mbíonn sé ar cheann de na príomhchúiseanna le fadhbanna leasa ainmhithe, go háirithe nochtadh do theochtaí arda, a mbíonn strus teasa mar thoradh orthu, lena n-áirítear ganntanas anála, ídiú, fulaingt agus, i gcásanna foircneacha, fiú bás le linn iompair; á mheabhrú gur féidir hipitéirmia a bheith mar thoradh ar nochtadh do theochtaí an-íseal, lena n-áirítear creathadh, matáin righne agus reo; á aithint go bhfuil lamháltas ± 5 °C ann a dheonaítear leis an rialachán maidir leis an teocht laistigh den fheithicil, ar lamháltas é nár cheart a léirmhíniú mar an raon dlíthiúil; á iarraidh ar na Ballstáit a cheangal go n-úsáidfear teicneolaíocht nua teochta laistigh d’fheithiclí chun an teocht optamach a áirithiú le linn iompair, gan beann ar am na bliana;

84. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil i Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ach foráil ghinearálta maidir le teocht agus nach bhfuil comharthaí ann maidir leis an innéacs teochta-dhruma, i bhfianaise an tionchair atá ag taise ar strus teasa in ainmhithe ag teochtaí éagsúla, fiú faoi bhun 30 °C, nó maidir le raonta teochta optamaigh a bhaineann go sonrach le speiceas, catagóir agus aois, lena gcuirtear san áireamh tosca amhail fiaráil nó riocht an choirp, i measc nithe eile; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil réitigh nua agus nuálacha maidir le rialáil teochta ar fheithiclí fós in easnamh;

85. á mheabhrú go luaitear i bpointe 1.2, Iarscríbhinn I, Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, nach mór d’urrann na n-ainmhithe dóthain spáis a chur ar fáil chun aeráil leordhóthanach a áirithiú laistigh d’fheithiclí agus nár cheart dó bac a chur ar ghluaiseacht nádúrtha ainmhithe;

86. á mheabhrú, de réir Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, nach mór córas faireacháin agus taifeadta teochta a bheith feistithe ar an modh iompair de bhóthar do thurais fhada, chomh maith le modh chun na sonraí sin a thaifeadadh a bheidh le cur ar fáil d’údaráis inniúla ar bhonn éigeantach; á chur in iúl gur oth léi an easpa ceanglas éigeantach maidir le córais den sórt sin i soithí beostoic, staid nach mór a athrú; á chur in iúl gur oth léi an easpa ceanglas éigeantach sa rialachán maidir le turais ghearrachair;

***Oiriúnacht chun a n-iompair agus catagóirí ainmhithe leochaileacha: ainmhithe neamhscoite, á n-iompar sa bhroinn agus ag deireadh a ngairme***

87. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin forálacha a bheith sa Rialachán reatha lena dtoirmisctear iompar ainmhithe a mheastar gan a bheith oiriúnach lena n-iompar, agus in ainneoin gur luaigh an Coimisiún féin go bhfuil sé sin fós coitianta in AE, nár tionscnaíodh imeachtaí maidir le sárú i gcoinne na mBallstát lena mbaineann[35];

88. á chur in iúl gur oth léi, cé go luaitear sa rialachán go gcaithfidh feistí uisce feidhmiú i gceart agus a bheith deartha agus suite go hiomchuí do na catagóirí éagsúla ainmhithe (méid agus speicis) atá le huisciú ar bord na feithicle, gur minic go dtuairiscítear nach

[35] an tuarascáil forléargais ón gCoimisiún ar chórais chun cosc a chur le hainmhithe mí-oiriúnacha a bheith á n-iompar in AE.

bhfuil uisce ar fáil d’ainmhithe toisc nach bhfuil na feistí iomchuí don speiceas atá á n-iompar nó nach bhfuil na hainmhithe neamhscoite in ann iad a úsáid, nó nár casadh air an soláthar uisce; ag tabhairt dá haire go bhfuil réitigh nua agus nuálacha fós in easnamh maidir le córais uisce agus beathaithe, agus gur minic nach ndéantar laonna neamhscoite a bheathú leis an mbainne éigeantach nó leis na hionadaigh bainne atá ag teastáil, le linn na tréimhse scíthe;

89. á mheabhrú gur príomhthoisc í an oiriúnacht don iompar chun leas ainmhithe a áirithiú le linn turais, ós rud é gur mó na rioscaí le linn an iompair d’ainmhithe leochaileacha; á chur i bhfáth gur catagóirí ainmhithe thar a bheith leochaileach iad ainmhithe neamhscoite, ainmhithe atá torrach, chomh maith le hainmhithe ag deireadh a ngairme agus nach léirítear riachtanais a bhaineann go sonrach le speiceas, le haois agus le stádas de réir an eolais agus na moltaí eolaíocha is déanaí sna forálacha i Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

90. ag cur in iúl na himní atá uirthi go n-iompraítear meannáin gabhair fhireanna ó fheirmeacha éagsúla go dtí an seamlas ag 7-10 lá d’aois, cé nach bhfuil siad in ann seasamh go daingean ar a gcosa go fóill agus go gceiltear bainne orthu, cé nach mbraitheann siad air go hiomlán dá gcothú, rud a fhágann go dtagann siad ar an seamlas i ndrochbhail agus i riocht lag;

91. á chur i bhfáth go bhfuil ainmhithe neamhscoite leochaileach agus go bhfuil an aois íosta reatha le haghaidh iompar laonna ró-íseal agus gur cheart athbhreithniú a dhéanamh uirthi, agus fianaise eolaíoch mar thaca léi; á mheabhrú gur bhain EFSA de thátal as in 2004 gur cheart iompar ainmhithe talún an-óg a sheachaint;

92. á chur i bhfios gur minice a bhíonn laige fhiseolaíoch, leochaileacht i leith galar agus córais imdhíonachta neamhaibí le fáil i laonna neamhscoite agus atá níos óige ná 35 lá, agus nach féidir i gcónaí an cúram agus an beathú is gá a thabhairt dóibh; ag tabhairt dá haire gur féidir bail agus cáilíocht an chúraim a thugtar d’ainmhithe a fheabhsú sula n-iompraítear iad chun a gcuid díolúine a chur chun cinn agus gur pointe criticiúil é measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht don iompar; á thabhairt chun suntais, de réir an chur i láthair a rinne saineolaithe éagsúla le linn cruinnithe den Choiste Fiosrúcháin maidir le Cosaint Ainmhithe le linn Iompair laistigh agus lasmuigh den Aontas agus do iar-fhoghrúpa Ardán Ainmhithe AE maidir le Leas Ainmhithe, go bhfuil gá le tuilleadh fianaise eolaíche chun tacú le dea-chleachtas in iompar ainmhithe óga, agus á thabhairt chun suntais nach bhfuil forálacha reatha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 oiriúnaithe do riachtanais na n-ainmhithe sin nó chun leas na n-ainmhithe sin a ráthú;

93. ag meabhrú na moltaí a rinne an Coimisiún in 2009 do na húdaráis inniúla chun a áirithiú go dtairgfear leictrilítí nó ionadaigh bainne d’ainmhithe neamhscoite le linn na tréimhse scíthe; agus á chur i bhfios nach bhfuil siní miotail oiriúnach do laonna neamhscoite; á chur i bhfios go léiríonn saineolaithe tréidliachta go mbíonn tréimhse scíthe ag teastáil ó ainmhithe neamhscoite tar éis iad a bheathú le haghaidh díleá sula ndéantar iad a iompar; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, nach féidir ainmhithe neamhscoite a bheathú le linn a n-iompair i leoraithe, ós rud é nach bhfreastalaíonn córais didí rubair agus gléasanna eile óil chun uisce a sheachadadh ar thrucailí ar riachtanais bheatha na n-ainmhithe sin, agus go bhfuil gá le réitigh nuálacha eile;

94. á chur i bhfáth leochaileacht na n-ainmhithe atá ag iompar agus á thabhairt chun suntais gur cheart, de réir tréidlianna, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéim uasta iompair a cheadaítear don iompar; á mheabhrú, i gcomhréir leis an Measúnú Eorpach ar Chur Chun Feidhme de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, go bhfuil fadhbanna fós ann maidir le staid toirchis ainmhithe beo a fháil amach[36], agus gur minic nach mbíonn na daoine atá freagrach as an iompar cinnte faoin méid dul chun cinn atá déanta ag an toircheas;

95. á chur i bhfios gur catagóir leochaileach iad na hainmhithe a bhfuil a dtáirgeadh caite acu mar gheall ar a n-aois agus gur minic a thagann meath ar a sláinte nó ar ghortuithe agus ar an deacracht a bhaineann lena n-oiriúnacht a mheas, chomh maith lena gcumas chun dul i ngleic le hiompar; ag tabhairt dá haire go bhfuil luach níos lú ag na hainmhithe sin freisin do na hiompróirí, agus go bhféadfadh riosca níos airde faillí a bheith ag baint leo dá bhrí sin; á mheabhrú nach mór do na Ballstáit réitigh a aimsiú chun leas ainmhithe a fheabhsú ag deireadh a saoil agus a dtimthrialla táirgthe;

***Speicis nach gcumhdaítear go leormhaith le Rialachán (CE) 1/2005***

96. ag cur béim ar an ngá atá ann go ndéanfaidh EFSA measúnú ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí maidir le leas na n-iasc agus iad á n-iompar, ós rud é nach bhfuil aon fhorálacha sa rialachán maidir le leas na n-iasc a iompraítear in uimhreacha arda agus a bhfuil córais imdhíonachta acu atá an-leochaileach ó thaobh struis de; ag cur béim áirithe ar na ceanglais maidir le leibhéil ocsaigine, pH, salandacht agus teocht le linn iompair; á mheabhrú, ina theannta sin, go n-aithníonn an Coimisiún easnaimh sa rialachán maidir le héisc, mar aon le treoirlínte éagsúla neamhchuimsitheacha ar fud na hEorpa; á mheas freisin nach leor forálacha an rialacháin i bpríomhréimsí, lena n-áirítear freagrachtaí a leithdháileadh, gnéithe de phleanáil an turais, feidhmiúlacht chun taistil a áirithiú, faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar cháilíocht an uisce, dearadh feithiclí agus feisteas agus faireachán iar-iompair; á mheabhrú go mbíonn fulaingt éisc agus saincheisteanna sláinte mar thoradh ar dhálaí míchuí iompair;

97. ag cur béim ar an bhfíoras, mar gheall ar an gcaidreamh casta idir riachtanais agus ceanglais éagsúla na n-iasc saothraithe agus a n-iarmhairtí iompraíochta agus fiseolaíocha, mar is amhlaidh i gcás na n-ainmhithe go léir, nach féidir teacht ar tháscaire amháin tomhais nó leasa lena gcumhdófar gach córas saothraíochta, speiceas saothraithe agus cás féideartha;

98. ag cur béim ar an ngá atá ann na gnéithe seo a leanas a áirithiú, agus iasc agus sliogiasc á n-iompar:

- cáilíocht an uisce agus urraim don tréimhse troscaidh atá riachtanach don cháilíocht sin;
- easpa galair sna héisc agus na sliogéisc; agus

[36] Staidéar 'Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara, Measúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach', Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh, an tAonad Meastóireachta Ex-Post, 3 Deireadh Fómhair 2018, ar fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/621853/EPRS_STU(2018)621853_EN.pdf

– easpa gortuithe do na héisc agus na sliogéisc;

99. ag tabhairt dá haire go bhforáiltear in aithris 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 d’fhorálacha sonracha a ghlacadh maidir le héanlaith chlóis, tar éis na dtuairimí ábhartha ó EFSA; á thabhairt chun suntais, áfach, nach bhfuil aon togra déanta ag an gCoimisiún le haghaidh reachtaíochta maidir le héanlaith chlóis a chosaint le linn iompair; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go n-iompraítear os cionn milliún éanlaith chlóis idir na Ballstáit gach bliain, agus os cionn 200 000 000 go tríú tíortha, agus nach gcosnaíonn forálacha reatha an rialacháin iad mar ba cheart, agus nach ndéanann sé iad a fhorfheidhmiú i gceart, go háirithe i dtaca le hainmhithe a ardú agus a láimhseáil sula n-iompraítear iad; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, nach bhforáiltear leis an rialachán do chosaint speicis-shonrach do choiníní;

100. ag tabhairt dá haire go bhforáiltear in aithris 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 go nglacfar forálacha sonracha do chait agus do mhadraí, tar éis thuairimí ábhartha EFSA a fháil; á mheabhrú, áfach, ó tháinig an rialachán i bhfeidhm, nár foilsíodh aon tuairimí ábhartha ó EFSA, agus nár tugadh isteach aon fhorálacha sonracha do chait ná do mhadraí; ag cur béim ar an ngá atá le hiarrachtaí méadaithe chun sonraí a bhailiú maidir le hiompar tráchtála ainmhithe coimhdeachta;

101. á chur i bhfáth go bhfuil na forálacha maidir le hiompar *Equidae* doiléir agus nach bhfuil siad mionsonraithe, amhail i gcás na gceanglas maidir le spiaraí, agus nach leor iad chun a áirithiú go mbeidh na hainmhithe sin oiriúnach lena n-iompar, rud a fhágann go sáraítear go minic an rialachán agus fadhbanna tromchúiseacha maidir le leas ainmhithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil capaill chláraithe díolmhaithe ó fhorálacha éagsúla, ar féidir a leas a chur i mbaol; á chur i bhfios, ina theannta sin, go bhfuil go leor de na ceanglais theicniúla a leagtar amach sa rialachán ag teacht salach ar riachtanais *Equidae*, agus uaireanta tagann siad salach ar mholtaí eolaíocha;

102. á chur i bhfáth go léiríonn bailiúchán mór fianaise eolaíche neamh-chomhoiriúnacht an mhaolaithe le haghaidh turais fhada agus an-fhada le riachtanais *Equidae*;

***Forálacha sonracha maidir leis an iompar ar muir***

103. á thabhairt chun suntais, i gcás ina bhfuil easpa bonneagar iomchuí ann, go gcuireann an líon ard ainmhithe a ghluaiseann go tapa agus go comhuaineach ó thrucailí go soithí bac ar an gcigireacht leormhaith ar ainmhithe aonair agus go méadaíonn sé an baol díobhála do na hainmhithe sin; á chur i bhfáth nach bhfuil a lán calafoirt onnmhairithe feistithe le saoráidí amhail saoráidí tithíochta inar féidir ainmhithe a dhíluchtú, a iniúchadh, a bheathú, uisce a thabhairt dóibh agus scíth a thabhairt dóibh, go háirithe i gcás moilleanna a bheith ann, agus gur minic nach n-úsáidtear saoráidí nuair is ann dóibh, agus nach bhfuil sé de acmhainn acu sna saoráidí sin ainmhithe a eotú i gcás ina ngortaítear iad; á chur i bhfios go bhfuil rampaí lódála i gcásanna áirithe níos géire ná an fhána uasta a cheadaítear sa rialachán, agus gur minic nach mbíonn an tslí isteach do na soithí ag deireadh an rampa lódála ar lasadh; den tuairim nach léirítear muiraistir na n-ainmhithe go hiarbhír sna turasleabhair; á mheabhrú nach bhfuil teorainn ama leis na muiraistir; á chur i bhfáth go bhféadfadh fulaingt ainmhithe a bheith mar thoradh ar ró-ualú agus go bhféadfadh sé a bheith ar cheann de na cúiseanna le tionóiscí;

104. ag tabhairt dá haire nach mbailítear sonraí uile-Aontais faoi láthair maidir leis an líon

beostoic a fhaigheann bás le linn iompair; á chur in iúl gur ábhar imní di gur minic a dhéantar ainmhithe a fhaigheann bás ar bord a chaitheamh san fharraige, in ainneoin gur gá Coinbhinsiún Marpol maidir le bruscar muirí, lena n-áirítear conablaigh ainmhithe, a urramú; á mheas go bhfuil fíorthábhacht ag baint le saoráidí leormhaithe a bheith ar bord chun déileáil le hainmhithe marbha;

105. ag leagan béim ar an easpa soiléireachta i bhforálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ní hamháin i dtaca le sainaithint an eagraí agus an iompróra ar chéim na farraige den turas, go háirithe nuair a bhaineann an oibríocht le roinnt coinsíneachtaí ag a bhfuil tionscnaimh éagsúla, ach i dtaca leis an duine atá freagrach as na hainmhithe ar bord freisin; á chur in iúl gur oth léi an easpa iompróirí údaraithe do chéim na farraige den turas i gcásanna áirithe; ag tabhairt dá haire gur chinn Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Shláinte agus Sábháilteacht Bia nár sainaithníodh an t-iompróir agus an soitheach beostoic údaraithe i bhformhór na dturasleabhar formheasta, rud a d’fhág go raibh éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir le cuntasacht i leith leas ainmhithe; ag tabhairt dá haire an líon teoranta cigireachtaí a rinneadh tar éis soitheach a lódáil, d’ainneoin na moltaí sa doiciméid líonra maidir le soithí beostoic a fhormheas agus cigireacht a dhéanamh orthu[37];

106. á mheas gur dea-chleachtas é tréidlia a bheith ann do chéim an turais ar muir chun tacaíocht a thabhairt d’ainmhithe breoite nó gortaithe;

107. ag tabhairt dá haire, de réir an cheistneora a sheol Uachtaránacht na Portaingéile, gur deacair d’fhormhór na mBallstát oiliúint criú agus inniúlacht maidir le soithí mara a chur i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire go háirithe, le dhá bhliain anuas, go raibh easnaimh ann faoi Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 i gcás fhormhór na soithí arna bhformheas ag an Aontas, easnaimh a bhaineann go príomha le fearais tarrthála nó dálaí oibre agus maireachtála;

108. ag leagan béim ar an ngá atá le seamlais shoghluaiste a chur chun cinn, go háirithe i gceantair oileánacha agus sléibhe, chun iompar ainmhithe beo a laghdú go suntasach, go háirithe ainmhithe a gortaíodh nó ainmhithe ag deireadh a ngairme, agus chun díolacháin dhíreach a spreagadh;

109. ag leagan béim ar an ngá práinneach atá leis an bhfaireachán ar chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta muirí ag soithí beostoic a neartú, go háirithe trí na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 20 agus 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a fhorfheidhmiú;

***Ainmhithe beo a iompar chuig tríú tíortha***

110. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin ar chaighdeáin AE a chur chun cinn ar fud an domhain, faoi chuimsiú OIE; á mheas gurb amhlaidh, leis na rialacha maidir le dea-bhail ainmhithe i dtríú tíortha, a bhíonn níos lú cosanta ann i gcomórtas leis an gcosaint a bhíonn ann de bharr chaighdeáin AE agus á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil caighdeáin OIE á gcur i bhfeidhm go leordhóthanach i dtríú tíortha;

111. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, a thúisce a théann coinsíneachtaí beostoic anonn

[37] Doiciméad líonra maidir le soithí beostoic, Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Iniúchtaí agus Anailís Sláinte agus Bia, Aonad F2: Ainmhithe, 2020.

theorainn an Aontais, ní fhéadfar a ráthú i gcónaí go ndéanfar caighdeáin leasa ainmhithe a urramú, agus iad ar bealach agus ar theacht isteach dóibh, de bharr easpa rialaithe agus údaráis ag an Aontas[38] toisc nach bhfuil tríú tíortha faoi cheangal ag reachtaíocht an Aontais; ag meabhrú bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ina luaitear go bhfuil rialacha leasa AE ceangailteach go dtí an ceann scríbe deiridh i dtríú tíortha; á mheabhrú go bhféadfaidh na Ballstáit onnmhairithe a chur ar fionraí i gcás inar léir dóibh nach bhfuil caighdeáin leasa ainmhithe á gcomhlíonadh nó nach féidir iad a chomhlíonadh; á mheas go bhfuil gá le tuilleadh iarrachta a dhéanamh chun dea-chleachtas a chur chun cinn i dtríú tíortha;

112. ag leagan béim ar an toradh a bhí ar cheistneoir na Comhairle, 2021, maidir le hiompar fadachair ainmhithe chuig tríú tíortha, agus á chur i bhfios gurb iad na gnéithe is dúshlánaí ó thaobh na rialacha a fhorfheidhmiú ná na teochtaí foircneacha, an easpa faisnéise maidir le pointí scíthe, moilleanna ag teorainneacha agus an easpa cumarsáide idir na Ballstáit agus tríú tíortha;

113. á chur i bhfios gur minic nach sonraítear ach logainmneacha sna doiciméid pleanála iompair agus nach dtugann siad seoltaí beachta na bpointí rialúcháin, soláthair agus tionóil, rud a fhágann gur mó deacracht a bhaineann leis na rialuithe a dhéanamh;

114. á mheabhrú freisin, ina leith sin, nach bhfuil ach liosta amháin ann, ón mbliain 2009, de thithíocht ainmhithe ar na bealaí i dtríú tíortha, ar minic nach bhfuil sonraí na seoltaí beacht, rud a fhágann gur mó deacracht a bhaineann leis na cigireachtaí is gá faoi dhlí an Aontais a dhéanamh;

115. á chur i bhfáth gur féidir pleanáil turais neamhleor neamhréalaíoch ó thaobh nósanna imeachta riaracháin, agus ama, de, agus easpa comhordaithe le poist teorann a bheith ina siocair le mórchuid moilleanna ag teorainneacha agus ag calafoirt, go háirithe nuair a thagann líon mór trucailí chuig an gcalafort agus nuair a bhíonn ar na hainmhithe uile fanacht chun iad á lódáil ar bord soitheach aonair;

116. ag tabhairt dá haire an easpa cumarsáide agus comhair idir údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla tríú tíortha, go háirithe maidir leis an gcúnamh frithpháirteach agus maidir leis an gcomhroinnt faisnéise, a fhágann go minic go mbíonn agaí feithimh níos faide ann, cásanna de neamhchomhlíonadh agus d'fhulaingt ainmhithe gan ghá; ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon chóras cumarsáide córasach agus fianaise-bhunaithe ann idir údaráis inniúla ó thríú tíortha agus ó na Ballstáit; á mheabhrú na hiniúchtaí seachtracha neamhspleácha a rinneadh lasmuigh den Aontas go dtí 2013 maidir le faireachán, seiceáil agus forfheidhmiú Rialachán 1/2005 le linn chéimeanna an turais a rinneadh lasmuigh den Aontas;

117. ag aontú leis an gCoimisiún gur dea-chleachtas é tréidlia cáilithe a bheith ann le linn na lódála i gcomhair turais fhada chuig tíortha nach bhfuil in AE[39]; á mheabhrú nuair a

---

[38] Staidéar, Cleachtais leasa ainmhithe agus iad á n-iompar ina dtíortha: forléargas – Ceardlann faoi leas ainmhithe le linn iompair an 25 Bealtaine 2021, Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 31 Bealtaine 2021, le fáil ar: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/690877/IPOL_STU(2021)690877_EN.pdf

[39] Tuarascáil chríochnaitheach ar iniúchadh a rinneadh san Ísiltír ón 20 Feabhra 2017 go dtí an 24 Feabhra 2017

bhíonn tréidlia gan coinbhleacht leasa ann, amhail tréidlia oifigiúil, go bhféadfaidh sé a bheith ina chuidiú chun comhlíonadh a áirithiú;

118. ag aontú leis an gCoimisiún gur dea-chleachtas é do na húdaráis inniúla cigireacht ar gach coinsíneacht a dhéanamh ag céim na lódála nuair is tír nach bhfuil in AE an ceann scríbe; á chreidiúint gur cheart cigireacht a dhéanamh ar choinsíneachtaí laistigh den Aontas tráth na lódála agus ag tabhairt dá haire go bhfeadfaidh údaráis inniúla, tráth na lódála, seiceáil a dhéanamh go bhfuiltear ag cloí le ceanglais an rialacháin maidir le spás urláir agus spás cloiginn, go bhfuil na córais aerála agus uisce ag feidhmiú mar is ceart, go bhfuil na gléasanna óil ag obair i gceart agus go bhfuil siad iomchuí don speiceas atá á iompar, nach bhfuil aon ainmhithe mí-oiriúnacha á lódáil, agus go bhfuil leordhóthain beatha agus easrach á n-iompar;

119. ag tabhairt rabhadh gurb amhlaidh, i gcás tranglam tráchta a bheith ann, go háirithe nuair atáthar ag dul anonn theorainn an Aontais, nach bhfuil aon lána tosaíochta sonrach ann i gcomhair iompair beostoic, rud is siocair le moilleanna a bheith ann ag an teorainn agus agaí iompair níos faide a bheith ann le haghaidh ainmhithe, rud a dhéanann díobháil dá ndea-bhail;

120. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, nach bhfuil poist rialaithe le fáil lasmuigh den Aontas den chuid is mó; á chur i bhfios nach bhfuil córas ann ar leibhéal an Aontais chun a fhíorú agus a áirithiú gur ann do phoist rialaithe i dtríú tíortha agus go gcloíonn na poist rialaithe sin leis na rialacha, agus freisin nach bhfuil liosta oifigiúil AE de phoist scíthe lasmuigh de AE ann a chomhlíonann caighdeáin AE agus lena dtabharfaí an fhaisnéis is gá d'údaráis inniúla chun go mbeidís in ann turasleabhair a fhormheas;

121. ag tabhairt dá haire nach bhfaigheann na húdaráis inniúla aiseolas rialta ó chuideachtaí iompair maidir leis na sonraí arna dtaifeadadh ag gairis feithicle beostoic agus iad lasmuigh den Aontas, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta a fhíorú an gcomhlíonann na hiompair sin ceanglais na reachtaíochta, agus gur eol di, agus gur cúis imní di nach gcomhlíonann a lán iompróirí rialaithe an Aontais is infheidhme tar éis dóibh an tAontas a fhágáil;

122. ag aithint gurb amhlaidh, faoi láthair, nach soláthraíonn údaráis tríú tíortha, iompróirí ná máistrí long gnáth-aiseolas faoi riocht na n-ainmhithe le linn chéim na farraige agus na céime bóthair dá dturas, ná faoin riocht a bhíonn orthu ar iad an ceann scríbe a shroicheadh, rud a fhágann nach féidir, sna cásanna sin, a fhíorú an gcomhlíonann na hiompair sin ceanglais na reachtaíochta; á thabhairt chun suntais nach bhfuil aon staidreamh oifigiúil uile-Aontais ann faoi líon na n-ainmhithe a shroicheann tríú tíortha agus iad marbh, nó faoi stádas sláinte na n-ainmhithe sin;

123. ag tabhairt dá haire na timpeallachtaí reachtaíochta is fearr dá bhfuil ann, amhail Córas Dearbhaithe Shlabhra Soláthair an Onnmhaireora[40], trína ndéanann Rialtas na hAstráile faireachán agus iniúchadh go dlíthiúil agus trína ndéanann sé na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair a choinneáil cuntasach, lena ndéantar an

chun meastóireacht a dhéanamh ar leas na n-ainmhithe agus iad á n-iompar chuig tíortha nach bhfuil in AE, an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, 2017.

[40] https://www.agriculture.gov.au/export/controlled-goods/live-animals/livestock/information-exporters-industry/escas

inrianaitheacht a áirithiú nuair a bhíonn ainmhithe beo á n-iompar agus leas na n-ainmhithe a áirithiú ag gach céim den turas, ó lódáil go marú i dtríú tír;

124. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid na Parlaiminte gach bliain maidir lena gcuid gníomhaíochtaí chun cosaint agus leas ainmhithe a fheabhsú agus iad á n-iompar.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 2.12.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Carmen Avram, Sergio Berlato, Annika Bruna, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Mohammed Chahim, Asger Christensen, Paolo De Castro, Tamás Deutsch, Herbert Dorfmann, Pascal Durand, Eleonora Evi, Emmanouil Fragkos, Jytte Guteland, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Billy Kelleher, Sylvia Limmer, Peter Lundgren, Marisa Matias, Tilly Metz, Marlene Mortler, Dan-Ştefan Motreanu, Maria Noichl, Sirpa Pietikäinen, Caroline Roose, Harald Vilimsky, Thomas Waitz, Michal Wiezik |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Peter Jahr |

# VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 30 | + |
|---|---|
| PPE | Asim Ademov, Daniel Buda, Herbert Dorfmann, Peter Jahr, Marlene Mortler, Dan-Ştefan Motreanu, Sirpa Pietikäinen, Michal Wiezik |
| S&D | Carmen Avram, Isabel Carvalhais, Mohammed Chahim, Paolo De Castro, Jytte Guteland, Maria Noichl |
| ECR | Emmanouil Fragkos, Peter Lundgren |
| Renew | Asger Christensen, Pascal Durand, Martin Hojsík, Billy Kelleher |
| ID | Annika Bruna, Sylvia Limmer, Harald Vilimsky |
| NI | Tamás Deutsch |
| The Left | Anja Hazekamp, Marisa Matias |
| Verts/ALE | Eleonora Evi, Tilly Metz, Caroline Roose, Thomas Waitz |
| | |
| | |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# IARSCRÍBHINN: FORLÉARGAS AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE LINN AN tSAINORDAITHE

**Meitheamh 2020 - Nollaig 2021**

* * *

## I. COMHDHÉANAMH AN CHOISTE

| **1. An Biúró** | | |
|---|---|---|
| Tilly Metz | Chairman | Verts/ALE |
| Marlene Mortler | An Chéad Leas-Chathaoirleach | PPE |
| Anja Hazekamp | An Dara Leas-Chathaoirleach | The Left |
| Mohammed Chahim | An Tríú Leas-Chathaoirleach | S&D |
| Martin Hojsik | An Ceathrú Leas-Chathaoirleach | Renew |

| **2. Comhordaitheoirí** | |
|---|---|
| Daniel Buda | PPE |
| Marlene Mortler | PPE |
| Michal Wiezik | PPE |
| Carmen Avram | S&D |
| Mohammed Chahim | S&D |
| Asger Christensen | Renew |
| Martin Hojsik | Renew |
| Tilly Metz | Verts/ALE |
| Caroline Roose | Verts/ALE |
| Sylvia Limmer | ID |
| Mazaly Aguilar | ECR |

| | |
|---|---|
| Peter Lundgren | ECR |
| Anja Hazekamp | The Left |

| **3. Comhrapóirtéirí** | |
|---|---|
| Daniel Buda | PPE |
| Isabel Carvalhais | S&D |
| | |
| **4. Scáth-Rapóirtéirí** | |
| Billy Kelleher | Renew |
| Rosanna Conte | ID |
| Thomas Waitz | Verts/ALE |
| Peter Lundgren | ECR |
| Anja Hazekamp | The Left |

**5. Comhaltaí**

Tá an coiste comhdhéanta de Chomhaltaí arna ndáileadh ag na grúpaí polaitiúla mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| PPE | 8 |
| S&D | 6 |
| Renew | 4 |
| Verts/ALE | 4 |
| ID | 3 |
| ECR | 3 |
| The Left | 2 |
| NI | 1 |

**Liosta na gComhaltaí amhail an 09 Nollaig 2021**

| LÁNCHOMHALTAÍ | | |
|---|---|---|
| L | PPE | 8/8 |
| BG | M. ADEMOV Asim | |
| RO | M. BUDA Daniel | |
| DE | M. DORFMANN Herbert | |
| DE | Ms Mortler Marlene (An Chéad Leas-Chathaoirleach) | |
| RO | MOTREANU Dan-Stefan | |
| FI | Ms PIETIKÄINEN Sirpa | |
| SK | M. WIEZIK Michal | |
| ES | M. ZOIDO ALVAREZ Juan Ignacio | |
| | | |
| L | S&D | 6/6 |
| RO | Ms AVRAM Carmen | |
| PT | M. CARVALHAIS Isabel | |
| NL | M. CHAHIM Mohammed (an Tríú Leas-Chathaoirleach) | |
| PT | M. DE CASTRO Paolo | |
| SV | M. GUTELAND Jytte | |
| DE | Ms NOICHL Maria | |
| L | RENEW | 4/4 |
| DA | M. CHRISTENSEN Asger | |
| FR | M. DURAND Pascal | |
| SK | M. HOJSIK Martin (an Ceathrú Leas-Chathaoirleach) | |
| EN | M. KELLEHER Billy | |
| L | Verts/ALE | 4/4 |
| IT | Mme EVI Eleonora | |
| FR | Mme METZ Tilly (Chair) | |
| FR | Mme ROOSE Caroline | |
| DE | M. WAITZ Thomas | |
| L | ID | 3/3 |
| Fr | Mme BRUNA Annika | |
| FR | Mme LIMMER Sylvia | |
| DE | M. VILIMSKY Harald | |
| L | ECR | 3/3 |
| IT | M. BERLATO Sergio | |
| EL | M. FRAGKOS Emmanouil | |
| SV | M. LUNDGREN Peter | |
| L | The Left | 2/2 |
| NL | Ms HAZEKAMP Anja (An Dara Leas-Chathaoirleach) | |
| PT | Ms MATIAS Marisa | |
| L | NI | 1/1 |
| HU | M. DEUTSCH Tamás | |

| COMHALTAÍ IONAID | | |
|---|---|---|
| L | PPE | 6/8 |
| ES | Mme BENJUMEA BENJUMEA Isabel | |
| DE | M. JAHR Peter | |
| EN | M. MARKEY Colm | |
| ES | M. MATO Gabriel | |
| DE | Mme SCHMIDTBAUER Simon | |
| DE | Ms SCHNEIDER Christine | |
| | | |
| | | |
| L | S&D | 6/6 |
| ES | Mme AGUILERA Clare | |
| DA | M. FUGLSANG Niels | |
| FR | Mme GUILLAUME Sylvie | |
| BG | M. HRISTOV Ivo | |
| LT | M. OLEKAS Juozas | |
| HU | M. UJHELYI István | |
| L | RENEW | 4/4 |
| RO | M. BOTOŞ Vlad-Marius | |
| NL | Mme VAUTMANS Hilde | |
| SV | Ms WIESNER Emma | |
| FR | Ms ZACHAROPOULOU Chrysoula | |
| L | Verts/ALE | 4/4 |
| DE | DEPARNAY-GRUNENBERG Anna | |
| PT | GUERREIRO Francisco | |
| SV | M. HOLMGREN Pär | |
| DE | Ms KELLER Ska | |
| L | ID | 3/3 |
| FR | Ms BEIGNEUX Aurélia | |
| IT | Ms CONTE Rosanna | |
| FR | Ms LECHANTEUX Julie | |
| L | ECR | 3/3 |
| ES | Ms AGUILAR Mazaly | |
| PL | Mme KRUC Elżbieta | |
| CS | Ms VRECIONOVÁ Veronika | |
| L | The Left | 2/2 |
| FR | M BOMPARD Manuel | |
| FI | Ms MODIG Sylvia | |
| L | NI | 1/1 |
| DE | M. BUSCHMANN Martin | |

## II. CRUINNITHE COISTE agus MISIN

Tionóladh an cruinniú bunaithe **an 23 Meán Fómhair 2021**.

Thionóil Coiste ANIT **20 gnáthchruinniú, 8 gcruinniú de na Comhordaitheoirí agus 7 gcruinniú de na Scáth-Rapóirtéirí** ó Mheán Fómhair 2020 go Nollaig 2021.

### Cruinnithe ANIT

- **20 cruinniú coiste sa Bhruiséil/Cianda**

### 1 cheardlann

- faoi Leas ainmhithe le linn iompair, sa Bhruiséil/Cianda, an 25 Bealtaine 2021

### Cruinniú na gComhordaitheoirí

- 08 Deireadh Fómhair 2020 sa Bhruiséil/Cianda
- 29 Deireadh Fómhair 2020 sa Bhruiséil/Cianda
- 2 Nollaig 2020 sa Bhruiséil/Cianda
- 01 Feabhra 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 18 Márta 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 25 Bealtaine 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 16 Meitheamh 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 14 Iúil 2021 sa Bhruiséil/Cianda

### Cruinniú na Scáth-Rapóirtéirí

- 30 Meán Fómhair 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 12 Deireadh Fómhair 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 11 Samhain 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 16 Samhain 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 22 Samhain 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 23 Samhain 2021 sa Bhruiséil/Cianda
- 24 Samhain 2021 sa Bhruiséil/Cianda

* * *

Ó Mheán Fómhair 2021 go Samhain 2021, thug Coiste ANIT faoi **3 mhisean aimsithe fíoras** díreach tar éis údarú a fháil:

- *20-22 Meán Fómhair - Misean chun na Bulgáire - Sóifia agus an teorainn leis an Tuirc*
- *14 Deireadh Fómhair - Misean chun na hÍsiltíre chuig aerfort Schiphol (Amstardam)*
- *3-5 Samhain - Misean chun na Danmhairge - Cóbanhávan agus Billund*

# III. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE

Cuireadh gníomhaíochtaí uile choiste ANIT ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin: doiciméid na gcruinnithe (cláir oibre, clár na n-éisteachtaí, ceisteanna i scríbhinn agus freagraí ó shaineolaithe), an méid a dúradh sna cruinnithe **focal ar fhocal** (ó mhí Feabhra 2021), miontuairiscí, staidéir, cinntí na gcomhordaitheoirí, nuachtlitreacha, torthaí na vótála.

Féadfar liosta uileghabhálach de na doiciméid arna gcur ar fáil ag coiste ANIT agus arna gcur ar fáil dó a fháil sa chlár poiblí de dhoiciméid PE, trí ardtaighde: áirítear leo ceistneoirí a seoladh chuig na Ballstáit, preaseisiúintí chomh maith le litreacha a fuair agus a sheol Coiste ANIT.

## 1. Clár na gcruinnithe, na n-éisteachtaí agus na misean

Thionóil Coiste ANIT 10 **n-éisteacht phoiblí** le linn a chruinnithe coiste, agus 51 **chainteoir** á n-óstáil aige:

- 15 ionadaí ón tionscal
- 11 ionadaí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha
- 6 oifigeach ó Bhallstáit (Éire, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Iodáil, an tSualainn, an Rómáin)
- 5 ionadaí ó chomhlachais tréidliachta
- 3 údar
- 3 ionadaí ó institiúidí taighde
- 2 iniúchóir
- 1 ionadaí ó OIE (An Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe)
- 1 ionadaí ón gCoimisiún Eorpach

Cuireadh ceisteanna ar gach cainteoir a fuair cuireadh chuig éisteacht phoiblí chun freagra a thabhairt i scríbhinn roimh an éisteacht, agus dáileadh ar na Comhaltaí ansin iad mar bhonn chun struchtúr a chur ar an díospóireacht ó bhéal le linn na héisteachta. Ar chúiseanna sláintíochta de bharr COVID 19, tionóladh na héisteachtaí go léir go cianda, ach rinneadh **sruthú gréasáin** ar gach ceann acu agus cuireadh gach doiciméad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin ANIT.

Ina theannta sin, thug Coiste ANIT **éisteacht aonair** le linn a chruinnithe coiste, in imeachtaí ar leith, do na daoine seo a leanas:

- 4 ionadaí ó Bhallstáit (an Iodáil, an Fhrainc, an Liotuáin, an Ungáir)
- 3 ionadaí ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear Leas-Ardstiúrthóir AS SANTE, Claire Bury
- 2 stiúrthóir ó EFSA, in dhá imeacht éagsúla
- 3 uachtaránacht ar an gComhairle (an Ghearmáin, an Phortaingéil, an tSlóivéin)
- An Coimisinéir AGRI, Janusz Wojciechowski
- 1 ionadaí amháin ón gCúirt Iniúchóirí

| Dáta | Ábhar / cuspóir |
|---|---|
| **Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair 2020**<br>**9.00 – 12.15**<br>Cruinniú bunaithe | **Toghadh an Chathaoirligh agus an Cheathrar Leas-Chathaoirleach**<br>preaseisiúint, sruthú gréasáin |
| **Dé hAoine 16 Deireadh Fómhair 2020, 9.00 – 11.00**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí le Claire Bury, Leas-Ardstiúrthóir um Shábháilteacht Bia sa Choimisiún Eorpach**<br>sruthú gréasáin |
| **Déardaoin 29 Deireadh Fómhair 2020, 13.45 – 15.00**<br>**agus 16.45 – 18.45**<br>Malartú tuairimí | **Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh:cuairt chianda ó Julia Klöckner, Aire Cónaidhme Bia agus Talmhaíochta na Gearmáine**<br>preaseisiúint, sruthú gréasáin<br><br>**Cur i láthair cianda ar thuarascáil speisialta 31/18 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le leas ainmhithe in AE**<br>sruthú gréasáin |
| **Dé hAoine 20 Samhain 2020, 10.00 – 12.00**<br>Malartú tuairimí | **Cur i láthair ó Nikolaus Križ (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia**<br>sruthú gréasáin |
| **Dé Céadaoin 2 Nollaig 2020, 16.45 – 18.45**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí le Janusz Wojciechowski, an Coimisinéir Talmhaíochta**<br>preaseisiúint, sruthú gréasáin |
| **Déardaoin 10 Nollaig 2020, 16.45 – 18.45**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht phoiblí maidir le Forfheidhmiú Rialachán 01/2005 ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún**<br>Suíomh gréasáin ANIT,preaseisiúint, sruthú gréasáin |
| **Dé Luain 1 Feabhra 2021, 13.45 – 16.15**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht phoiblí maidir le formheas, rialuithe agus sonraí**<br>Leathanach gréasáin ANIT,preaseisiúint, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Déardaoin 25 Feabhra 2021, 9.00 – 12.00 agus 16.45 – 18.45**<br>Éisteacht phoiblí agus Malartú tuairimí | **Éisteacht phoiblí maidir le cianiompar ainmhithe beo laistigh den Aontas Eorpach**<br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>**Malartú tuairimí le Mario do Céu Antunes, an tAire Talmhaíochta, maidir le tosaíochtaí Uachtaránacht na Portaingéile i réimse leas ainmhithe le linn iompair**<br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Dé Luain 1 Márta 2021, 13.45 – 16.15**<br>**agus 16.45 – 18.45**<br>Éisteacht phoiblí ina dá chuid | **Éisteacht phoiblí maidir le hlompar ainmhithe beo go tríú tíortha**<br>Leathanach gréasáin ANIT, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>An chéad chuid: **Seiceálacha agus saincheisteanna nuair a fhágann siad an tAontas Eorpach**: sruthú gréasáin<br>An dara cuid: **Seiceálacha agus saincheisteanna i dtríú tíortha**: sruthú gréasáin |
| **Dé Céadaoin 17 Márta 2021, 9.00 – 12.00**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht phoiblí maidir le Freagrachtaí oibreoirí iompair agus geallsealbhóirí príobháideacha eile**<br>Leathanach gréasáin ANIT, preas eisiúint, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |

| Dáta | Ábhar / cuspóir |
|---|---|
| **Dé Luain 19 Aibreán 2021, 16.45 – 18.45**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí leis an gCoimisiún (AS SANTE)**<br>preaseisiúint, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Déardaoin 22 Aibreán 2021, 16.45 – 18.45**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí leis an gCoimisiún (AS SANTE) maidir le héisteachtaí ANIT (an dara díospóireacht)**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Dé Máirt 25 Bealtaine 2021, 9.00 – 12.00**<br>Ceardlann | **Leas ainmhithe agus iad á n-iompar**<br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Dé Luain 31 Bealtaine 2021, 13.45 – 16.15**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht maidir le hiompar speiceas, catagóirí eile ainmhithe atá leochaileach**<br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin |
| **Dé Céadaoin 16 Meitheamh 2021, 9.00 – 12.00**<br>Breithniú ar dhréacht-tuarascáil | **Breithniú ar dhréacht-tuarascáil agus ar dhréachtmholadh**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Dé Céadaoin 14 Iúil 2021, 9.00 – 12.00 agus 13.45 – 16.15**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí leis an Dr Vidmantas Paulauskas, Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Stáit um Bia agus Tréidliacht, an Liotuáin**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>**Malartú tuairimí leis an Dr Pierdavide Lecchini, Ard-Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Shláinte Ainmhithe agus Íocshláinte Tréidliachta, Príomhoifigeach Tréidliachta, an Iodáil**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>**Malartú tuairimí le Jože Podgoršek, an tAire Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bia, ar thosaíochtaí Uachtaránacht na Slóivéine**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Déardaoin 15 Iúil 2021, 9.00 – 12.00**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht phoiblí maidir leis an taithí a bhaineann leis an reachtaíocht a neartú agus a athrú, laistigh agus lasmuigh den Eoraip**<br><br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Déardaoin 15 Iúil 2021, 13.45 – 15.15 agus 16.45 – 18.15**<br>Malartú tuairimí | **Malartú tuairimí leis an Dr Lajos Bognár, Príomhoifigeach Tréidliachta agus Leas-Ard-Rúnaí Stáit um Rialú an tSlabhra Soláthair, an Ungáir**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>**Malartú tuairimí leis an Dr Emmanuelle Soubeyran, Leas-Stiúrthóir um Bia agus Príomhoifigeach Tréidliachta, an Fhrainc**<br>sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **Dé Luain 6 Samhain, 13.45 – 16.15 agus 16.45 – 18.45**<br>Éisteacht phoiblí<br><br>Breithniú ar leasuithe | **Éisteacht phoiblí maidir le roghanna eile ar chianiompar ainmhithe beo agus roghanna malartacha**<br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn<br><br>**Breithniú ar leasuithe**: sruthú gréasáin, an méid a dúradh focal ar fhocal i scríbhinn |
| **20-22 Meán Fómhair**<br>Misean | **Misean chun na Bulgáire - Sóifia agus an teorainn leis an Tuirc**: preaseisiúint, tuarascáil |
| **14 Deireadh Fómhair**<br>Misean | **Misean chun na Ísiltíre chuig aerfort Schiphol (Amstardam)** tuarascáil |

| Dáta | Ábhar / cuspóir |
|---|---|
| **Dé Luain 25 Deireadh Fómhair 2021,**<br>**13.45 – 16.15 agus 16.45 – 18.45**<br>Breithniú ar leasuithe<br>Malartú tuairimí | **Breithniú ar leasuithe (an dara plé)**: sruthú gréasáin<br><br>**Malartú tuairimí leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir leis obair atá ag dul ar aghaidh**: sruthú gréasáin |
| **Dé Máirt 26 Deireadh Fómhair 2021,**<br>**9.00 – 12.00**<br>Éisteacht phoiblí | **Éisteacht Phoiblí ar Mholtaí a bheidh ann amach anseo**:<br><br>Leathanach gréasáin ANIT, sruthú gréasáin |
| **3-5 Samhain 2021**<br>Misean | **Misean chun na Danmhairge - Cóbanhávan agus Billund**:<br>preaseisiúint, tuarascáil |
| **Dé Céadaoin 1 Nollaig 2021, 16.45 – 18.45**<br>Cruinniú Coiste<br><br>**Déardaoin 2 Nollaig 2021,**<br>**9.00 – 9.30 agus 16.45 – 17.00**<br>Vótáil | **An díospóireacht dheireanach sa choiste**: sruthú gréasáin<br><br>**Vótáil ar an dréacht-tuarascáil agus ar an dréachtmholadh:**<br><br>preaseisiúint, sruthú gréasáin |
| **Dé hAoine 3 Márta**<br>**10.00** | Preasagallamh na gComhrapóirtéirí: preaseisiúint, sruthú gréasáin |

## 3. Ceistneoir ar na Ballstáit agus ceistneoir ó Uachtaránacht na Portaingéile

Le linn an chruinnithe a bhí acu an 01 Feabhra, d'aontaigh Comhordaitheoirí ANIT ceistneoir a chur chuig na Ballstáit, ag iarraidh orthu freagraí i scríbhinn a thabhairt. Mar chéad chéim eile, tugadh cuireadh do na Ballstáit freastal ar éisteachtaí ó bhéal nuair a bhí soiléiriú ar na freagraí a fuarthas ag teastáil ó Choiste ANIT.

Sheol oifigeach an ceistneoir, a d'fhormhuinigh na Comhordaitheoirí ábhar an cheistneora ag deireadh mhí Feabhra, go dtí na Buanionadaithe chuig an Aontas de gach Ballstát an 04 Márta 2021, inar iarradh go dtabharfaí freagra ar an gceistneoir roimh Dé hAoine 23 Aibreán 2021: **nasc** chuig an litir a seoladh.

Fuair Coiste ANIT freagraí ó 9 Bhallstát: an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghréig, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, agus an tSualainn;

Faoi chuimsiú chomhar ANIT leis na Ballstáit, thug Uachtaránacht na Portaingéile uirthi féin na torthaí a roinnt a bhain leis an gceistneoir a sheol sí, an ceistneoir maidir le cian-iompar chuig tríú tíortha (i litir dar dáta an 04 Bealtaine 2021).

## 4. Tuarascáil Mhisin Choiste ANIT chun na Bulgáire - Sóifia agus an teorainn leis an Tuirc (20-22 Meán Fómhair)

Nasc chuig an tuarascáil iomlán

**Tuarascáil mhisin tar éis thoscaireacht ANIT chuig an mBulgáir, 20-22 Meán Fómhair 2021**

**An Coiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar**

Comhaltaí an mhisin:

| | |
|---|---|
| Tilly Metz | Verts/ALE (Leader of the mission) |
| Anja Hazekamp | (The Left) |
| Martin Hojsík | (Renew) |
| Daniel Buda | (PPE) |
| Isabel Carvalhais | (S&D) |
| Asger Christensen | (Renew) |
| Caroline Roose | Verts/ALE |
| Michal Wiezik | (PPE) |

Feisire áitiúil:

| | |
|---|---|
| Atidzhe Alieva-Veli | (Renew) |

*Réamhrá*

Thug toscaireacht ón gCoiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á n-iompar de chuid Pharlaimint na hEorpa cuairt ar an mBulgáir ón 20 go dtí an 22 Meán Fómhair 2021.

Ba é an misean sin an chéad mhisean a d'fhéadfadh a bheith ag an gcoiste de bharr srianta COVID 19. Ba é cuspóir an mhisin torthaí breise a fháil faoi riocht na n-ainmhithe a onnmhairíodh i dtrucailí trí bhreathnú orthu ar an láthair. Thuairiscigh na saineolaithe ar tugadh cuireadh dóibh chuig na héisteachtaí go bhfuil an teorainn idir an Bhulgáir agus an Tuirc ar cheann de na pointí is tábhachtaí atá ann inar íseal comhlíonadh Rialachán (CE) 1/2005 maidir le hainmhithe a chosaint le linn a n-iompair, agus go bhfuil tionchar tromchúiseach aige sin ar leas na n-ainmhithe.

Cé go bhfuil teorainn le honnmhairí ainmhithe beo na Bulgáire, is príomhbhealach de
thrádáil ainmhithe beo an Aontais le tríú tíortha í an tír, agus teorainn aici leis an Tuirc, ceann de na príomhchinn scríbe (mar aon leis an Libia, an Iordáin, Iosrael agus an Araib Shádach) i gcás caora beo agus bó-ainmhithe a onnmhairítear ón Aontas go tríú tíortha. Is í an tábhacht a bhaineann leis an teorainn idir an Bhulgáir agus an Tuirc d'onnmhairí ainmhithe beo AE is cúis leis an líon ard coinsíneachtaí a seiceáladh ag post teorann Kapitan Andreevo na Bulgáire.

***Cuntas achomhair ar na cruinnithe***

*Mar gheall ar shrianta COVID 19, ní fhéadfadh aon réamhsheisiún faisnéise ná cruinnithe eile a bheith ar siúl in oifig faisnéise PE i Sóifia, an Bhulgáir.*

- **Cruinniú ag an Aireacht um Thalmhaíocht, um Bia agus um Fhoraoiseacht**

Chuir an Cathaoirleach Tilly Metz toscaireacht ANIT i láthair agus ghabh sí buíochas ó chroí le hÚdaráis na Bulgáire as a bheith ar an gcéad Bhallstát a sheol freagraí an cheistneora ar ais chucu. Chuir na Leas-Airí Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, Georgi Sabev agus Krum Nedelkov, fáilte roimh mhisean ANIT san aitheasc tosaigh agus ansin thug siad cead cainte d'ionadaithe ó Údarás Sábháilteachta Bia na Bulgáire (BFSA).

Rinne Marina IVANOVA, príomh-shaineolaí i Stiúrthóireacht BFSA atá i gceannas ar leas ainmhithe, cur i láthair mionsonraithe maidir le comhlíonadh cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 sa Bhulgáir. De réir sonraí ón misean a cuireadh i gcrích (uimhir thagartha 2017-6109), ba ionann onnmhairiú ainmhithe feirme de bhóthar ón Aontas go dtí an Tuirc tríd an mBulgáir agus níos mó ná 45 % d'onnmhairí iomlána AE in 2017. Sna blianta tar éis 2017 tháinig laghdú suntasach ar líon na lastas ainmhithe beo ón Aontas go dtí an Tuirc agus ar líon na lastas a théann tríd an mBulgáir.

Téann na príomhbhealaí bóthair ó Iarthar na hEorpa go dtí an Tuirc ar fad i dtreo Svilengrad, áit a dtrasnaíonn an mótarbhealach an teorainn agus an áit a bhfuil pointe teorann Kapitan Andreevo suite. In 2019, thrasnaigh 3006 choinsíneacht d'ainmhithe beo an Pointe Cigireachta Teorann ag Kapitan Andreevo (lena n-áirítear 236 977 ainmhí), ar tuairiscíodh 34 Fhógra maidir le sáruithe ina leith. I ngeall ar ghéarchéim COVID 19, tháinig laghdú ar na sonraí sin don bhliain 2020 ina raibh 2051 choinsíneacht agus 6 fhógra maidir le sáruithe.

Ina dhiaidh sin, thug IVANOVA forléargas mionsonraithe ar na sáruithe is minice a tuairiscíodh le linn rialuithe oifigiúla, ag míniú gur tugadh fógra don Bhallstát tionscnaimh faoi gach sárú a rinneadh.

Ina theannta sin, chuir IVANOVA na Feisirí ar an eolas gur fhorbair Údaráis na Bulgáire buan-nósanna imeachta oibríochta le haghaidh rialuithe oifigiúla, agus chuir sí in iúl go bhfuil siad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin BFSA. Foráiltear freisin do ghníomhartha ceartaitheacha agus do smachtbhannaí (coigistiú na n-ainmhithe i bhfabhar an stáit, cuir i gcás). Chuir sí clabhsúr ar a cur i láthair ag áitiú uirthi go mbaineann tábhacht le teorainn teochta a bheith ann.

Le linn sheisiún na gceisteanna agus na bhfreagraí, a lean, bhí ceisteanna na bhFeisirí dírithe ar na saincheisteanna seo a leanas den chuid is mó agus d'fhreagair Údaráis na Bulgáire mar seo a leanas:

- an oibleagáid atá ar thréidlianna a bheith i láthair le linn an iompair ar muir go dtí an ceann scríbe deiridh nuair a dhéantar an t-iompar go tríú tíortha, ós rud é go bhfuil an ceanglas breise sin tugtha isteach cheana féin ag an Rómáin ina cuid reachtaíochta, agus nach bhfuil sé tugtha isteach ag an mBulgáir.

- le linn an iompair de bhóthar, bíonn tréidlia oifigiúil i láthair go córasach ag pointe imeachta an ainmhí, ach ní bhíonn sé i láthair go dtí céim cheann scríbe deiridh an ainmhí, go háirithe ós rud é gur chuig tríú tíortha a théann formhór na n-ainmhithe.

- na smachtbhannaí: is gá na nósanna imeachta riaracháin a mhionchoigeartú agus a chomhlánú freisin le pionóis riaracháin.

- pointí scíthe a úsáid sa Bhulgáir: Buaileann údaráis BG go rialta le hiompróirí, ar chruthaigh siad córas áirithinte pointí scíthe dóibh. Níl ach pointe scíthe amháin sa Bhulgáir le haghaidh ainmhithe beo, atá suite in Svilengrad (ar ceadaíodh do na Feisirí cuairt a thabhairt air an lá dar gcionn, mar nach raibh foráil déanta ina leith ar dtús). Tá roinnt feithiclí ann nach n-úsáideann na pointí scíthe sin, mar gheall ar phleananna turais. Má stopann na tiománaithe ag pointe scíthe, déanann tréidlia an tseiceáil ach más rud é nach stopann siad, ní féidir leis an tréidlia an tseiceáil a dhéanamh.

- tá an oiliúint a chuirtear ar phóilíní na Bulgáire chun ainmhithe a rialú éifeachtach agus cuireann sé ar a gcumas rialuithe ad hoc a dhéanamh agus coinsíneachtaí a stopadh chun seiceáil a dhéanamh orthu.

- is ann do mheasúnú leantach córais suite dhomhanda ar fheithiclí ach tá deacrachtaí fós ann ós rud é go ndéanann soláthraithe éagsúla leibhéil éagsúla faisnéise a thabhairt. Ba mhaith le húdaráis na Bulgáire rochtain iomlán a bheith acu ar na huirlisí TF sin.

- ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus iad a chur ar an airdeall faoi gach cás inar ghá cigireacht a dhéanamh.

- na toirmisc shealadacha réigiúnacha agus/nó náisiúnta: má ghlactar cinneadh maidir le toirmeasc, cuireann siad an fhaisnéis ar aghaidh chuig na Ballstáit uile trí líonra na bpointí teagmhála náisiúnta do leas ainmhithe, a eagraíonn an Coimisiún Eorpach, a thagann le chéile go rialta sa Ghráinseach. Ina leith sin, mhol siad gur cheart liosta na n-údarás inniúil a leathnú chuig comhpháirtithe OIE. Nuair a tharlaíonn sárú in Kapitan Andreevo, seolann siad tuarascáil chuig an mBallstát lena mbaineann freisin.

Cuireadh clabhsúr ar an díospóireacht le moltaí a rinne Údaráis na Bulgáire chun rialachán 1/2005 a fheabhsú. Ar an gcéad dul síos, dhearbhaigh siad go bhfuil sé ródhoiléir, (mar shampla, an focal 'leordhóthanach' is cúis le léirmhínithe atá an-éagsúil) agus rinne siad moladh an-phraiticiúil maidir le honnmhairiú chuig tríú tíortha, ag éileamh go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis faoi na pointí scíthe lasmuigh de AE, rud nach bhfuil ar fáil faoi láthair. Chinn an Leas-Aire ag dul sa treo céanna gur cheart cabhrú le tríú tíortha Rialachán AE 1/2005 a leanúint agus a chur i bhfeidhm.

- **Cruinniú le saineolaithe tréidliachta ag Pointe Cigireachta Teorann Kapitan Andreevo**

Chuir toscaireacht fhorleathan de thréidlianna atá i gceannas ar an bPointe Cigireachta Teorann ag Kapitan Andreevo fáilte roimh Chomhaltaí ANIT chun na rialuithe agus na seiceálacha a dhéanann siad ar an láthair a thaispeáint go mion dóibh.

Bhí cruinniú ag an Leas-Aire Krum Nedelkov cheana féin i Sóifia chun fáilte a chur roimh ár bhFeisirí agus d'athdhearbhaigh sé ina óráid tosaigh gur gá cur chuige cómhalartachta a ghlacadh le tríú tíortha ionas gur féidir leo an comhlíonadh a mhéadú agus comhlíonadh Rialachán 1/2005 a mhéadú.

Thosaigh triúr tréidlianna ar dtús le forléargas a thabhairt ar na saoráidí atá ar fáil in Kapitan Andreevo: lánaí tosaíochta do thrucailí le hainmhithe beo, limistéir pháirceála TIR, póilíní ag tabhairt aire do thrácht chun plódú tráchta a sheachaint, d'fhonn moilleanna a íoslaghdú ionas gur féidir le hainmhithe críoch AE a fhágáil a luaithe is féidir (30 nóim. ar an meán nuair nach bhfuil gá le haon rialú). Thug siad forléargas mionsonraithe ansin ar an rialú a dhéanann siad: doiciméid, an t-am cruinn a d'fhág an choinsíneacht, na feithiclí agus lódáil a sheiceáil, fad an turais ina iomláine a sheiceáil agus, ar deireadh, scrúdú fisiceach a dhéanamh ar an trucail. Déantar an teocht agus uisce a sheiceáil ar dtús, ag cinntiú go bhfuil na humair uisce lán. Tá laghdú tagtha ar iompar i rith an tsamhraidh, ó 30 % in 2020 go 27 % in 2021. Mínítear an treocht sin a bhuí le cruinnithe de phointí teagmhála náisiúnta, rannpháirtíocht

geallsealbhóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith leis na treoirlínte agus na dea-chleachtais atá scaipthe agus atá á n-úsáid níos mó agus níos mó ag na Ballstáit uile.

Bhí seisiún ceisteanna agus freagraí ina dhiaidh sin, inar thaispeáin Údaráis na Bulgáire doiciméid mhionsonraithe a úsáideann siad chun a rialuithe a dhéanamh agus chun freagraí nithiúla a thabhairt dár bhFeisirí.

Leag siad béim go príomha ar na pointí spéise seo a leanas le haghaidh tuarascáil chríochnaitheach ANIT:

- déantar comhlíonadh na reachtaíochta maidir le leas ainmhithe a sheiceáil ag an bpointe imeachta ó AE, agus déanann Údaráis na Tuirce na coinníollacha sláinte a sheiceáil i ndáil le honnmhairí ó AE, rud a thógann tréimhse níos faide (6 uair an chloig ar an meán);

- dheimhnigh siad a speis i gclár iompróirí a bheith ar fáil, rud a bheadh an-úsáideach, ach nach mbeadh indéanta ach amháin trí chóras TRACES a úsáid;

- dheimhnigh siad gur féidir leo na toirmisc a sheiceáil go teicniúil ag an gcéim sin, mar go bhfuil cásanna den sórt sin feicthe acu san am atá thart;

- bhí siad faichilleach faoi athruithe ar Rialachán 1/2005 a mholadh, seachas na pointí seo a leanas:

(1) banda níos cúinge a sholáthar do dhlús lódála, rud ba cheart a bheith níos beaichte.

(2) ba cheart umar uisce iomlán a chur in ionad cainníocht leordhóthanach uisce;

(3) a mhalairt air sin, tá an beatha a cheaptar a bheith leordhóthanach sa Rialachán iomarcach i gcás achair an-ghearr: ba cheart comhlíonadh a áirithiú níos fearr ón bpointe imeachta le dhá rogha: (a) ainmhithe a bheathú sa trucail (b) trí nós imeachta i scríbhinn lenar féidir leo bia a stóráil le linn an turais;

- níl aon trucail atá feistithe i gceart d'ainmhithe nach bhfuil bainte den diúl feicthe acu;

- dheimhnigh siad an treocht anuas atá ann maidir le hainmhithe beo a onnmhairiú de bhóthar (déantar iad a onnmhairiú go príomha ar muir, 25 % amháin a onnmhairítear de bhóthar);

- maidir leis na pointí scíthe, ós rud é gur ardaíodh go leor ceisteanna, mhol siad do na Feisirí cuairt a thabhairt ar na pointí scíthe in Svilengrad.

- **Cuairt ar an bpointe scíthe gar do Svilengrad**

Ag an bpointe scíthe gar do Svilengrad, bhí deis ag na Feisirí cuairt a thabhairt ar shaoráidí inar féidir le hainmhithe a scíth a ligean; de bharr srianta

sláintíochta, ní raibh cead ach ag ceathrar Feisirí an áit a iniúchadh agus thuairiscigh siad go bhfuil na suiteálacha le haghaidh bia, uisce agus easrach oiriúnach don fheidhm.

Ag an am céanna, bhí díospóireacht bhríomhar ag na Feisirí eile le tiománaí trucaile a bhí páirceáilte ansin a chuir a thuairim in iúl go hoscailte maidir le comhlíonadh Rialachán 1/2005. D'iarr an tiománaí, i measc nithe eile, go ndéanfaí níos mó iniúchtaí ós rud é go n-eascraíonn iomaíocht éagórach i bhfabhar oibreoirí iompair neamhchomhlíontacha mar thoradh ar easpa forfheidhmithe. Chuir an tiománaí na Feisirí ar eolas freisin go mbíonn trucailí sáinnithe uaireanta sa limistéar idir an Bhulgáir agus an Tuirc ar feadh roinnt mhaith laethanta agus d'iarr sé go gcuirfí feabhas ar chomhar trasteorann.

- **Cruinniú neamhoifigiúil le hionadaí d'eagraíocht neamhrialtasach Four Paws (a bhí rannpháirteach in éisteacht ANIT)**

  Ina theannta sin, shocraigh roinnt Feisirí cruinniú dinnéir neamhoifigiúil chun bualadh le hionadaí Four Paws sa Rómáin, eagraíocht neamhrialtasach a chuir in iúl torthaí an iniúchta is déanaí a rinne siad ag Kapitan Andreevo i mí Iúil le linn tonn teasa (bhí an teocht os cionn 30 °C)

***Conclúid fhoriomlán an mhisin***

**Bhuail misean coiste ANIT PE le hionadaithe ardleibhéil ó Aireacht na Bulgáire ón nGníomhaireacht um Thalmhaíocht agus um Shábháilteacht Bia chomh maith le tréidlianna sa réimse, agus phléadh saincheisteanna móra agus dúshláin mhóra a bhaineann le hainmhithe beo a iompar.** Fuair na Feisirí faisnéis ó bhunfhoinse faoi staid reatha fhorfheidhmiú Rialachán AE 1/2005 maidir le hiompar ainmhithe ó údaráis na Bulgáire. Cuireadh na Feisirí ar an eolas freisin faoi easnaimh i reachtaíocht AE atá ann cheana agus faoi mholtaí le haghaidh feabhsuithe, lena n-áirítear sainmhínithe níos fearr, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú níos aonfhoirmí, agus malartú sonraí a dhigitiú. Chuideodh sé sin le coiste ANIT moltaí a cheapadh le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán 1/2005. Dá bhrí sin, baineadh amach na príomhchuspóirí a bhí leis.

* * *

IARSCRÍBHINN I – Clár críochnaitheach

## Misean ANIT chun na Bulgáire,
## 20-22 Meán Fómhair 2021

**Dé Luain, 20 Iúil** *Teacht go Sóifia (an Bhulgáir) ar bhonn aonair*

| | |
|---|---|
| **17:20** | Teacht le chéile ag forhalla Hotel Intercontinental |
| **Seoladh:** | 4 Cearnóg Narodno Sabranie, Sóifia |
| **17:25** | Imeacht ó Hotel Intercontinental ar bhus |
| **Seoladh:** | 4 Cearnóg Narodno Sabranie, Sóifia |
| **18:00-19:30** | Cruinniú ag an Aireacht um Thalmhaíocht, um Bia agus um Fhoraoiseacht |
| **Seoladh:** | 55 Bulbhard Hristo Botev, Sóifia |
| **19:45-20:15** | Aistriú ar bhus ón Aireacht um Thalmhaíocht, um Bia agus um Fhoraoiseacht chuig Hotel Intercontinental Sóifia |

**Dé Máirt, 21 Meán Fómhair**

| | |
|---|---|
| **08:30** | Piocadh suas ag Hotel Intercontinental Sóifia<br>Aistriú ó Shóifia go Kapitan Andreevo ar bhus |
| **12:00-13:30** | Lón á thairiscint ag an Aireacht um Thalmhaíocht, um Bia agus um Fhoraoiseacht do thoscaireacht ANIT (Bialann óstáin de chuid 'Europe Park Hotel') |
| **13:30-14:00** | Lóistín óstáin |
| **14:00-15:00** | Aistriú chuig Kapitan Andreevo |
| **15:00-18:00** | Cruinniú le saineolaithe tréidliachta |
| **18:00** | Aistriú chuig an óstán 'Europe Park Hotel' ar bhus |
| **Seoladh:** | Páirc 'Kenana', 6300 Haskovo |

**Dé Céadaoin, 22 Meán Fómhair**

| | |
|---|---|
| **08:30** | Seiceáil amach agus aistriú ó Haskovo go Sóifia ar bhus |
| **14.00** | Deireadh an chláir. |

IARSCRÍBHINN II – Liosta na rannpháirtithe

**Liosta iomlán na rannpháirtithe Thoscaireacht ANIT chun na Bulgáire 20-22 Meán Fómhair 2021**

**Feisirí de Pharlaimint na hEorpa**:

Tilly METZ, Cathaoirleach – Na Glasaigh/SCE (FR)

Anja HAZEKAMP – An Clé (NL)

Martin HOJSÍK – Renew (SK)

Isabel CARVALHAIS – S&D (PT)

Daniel BUDA – PPE (RO)

Michal WIEZIK – PPE (SK)

Juozas OLEKAS – S&D (LT)

Caroline ROOSE – Na Glasaigh/SCE (FR)

Asger CHRISTENSEN – Renew (DA)

*Atidzhe Alieva-VELI – Renew (Feisire áitiúil, lasmuigh de chuóta) (BG) (le deimhniú)*

**Foireann IPOL:**

Radek PILAR, Ceann na Rúnaíochta

Franck RICAUD, Riarthóir

**Oifig PE sa Bhulgáir:**

Teodor STOYCHEV,
Ceann Oifige

**Comhairleoirí na ngrúpaí polaitiúla:**

Botond TOROK-ILLYES – PPE

Javier Poza LLORENTE – Renew

Dominic ZGANEC – An Clé

**Ateangairí:**

BRUCE Elanga Joleen
FERGUSON Claire
BILLON Chloé Suzette Denise
LANGEVIN Lucie
IVANOVA Ivanka Georgieva
STOITSOV Ognian
Oriam Yasmine (teicneoir)

## 5. Tuarascáil mhisin chun na hÍsiltíre – aerfort Amstardam-Schiphol (14 Deireadh Fómhair)

Nasc chuig an tuarascáil iomlán

| | |
|---|---|
| Feisirí an mhisin: | |
| Tilly Metz | (Verts/ALE) (Ceannaire an mhisin) |
| Michal Wiezik | (PPE) |
| Juozas OLEKAS | S&D |
| Annika BRUNA | ID |
| Thomas WAITZ | Na Glasaigh/SCE |
| Feisire áitiúil: | |
| Anja Hazekamp | (An Clé) |

***Réamhrá***

Thug toscaireacht an Choiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar de chuid Pharlaimint na hEorpa cuairt ar Aerfort Schiphol (NL) an 14 Deireadh Fómhair 2021.

Ba é cuspóir an mhisin:

- a chur ar chumas na bhFeisirí aird a thabhairt ar fhíricí maidir le hiompar ainmhithe d'eitleán
- teacht le chéile agus plé a dhéanamh le hionadaithe údaráis ábhartha na hÍsiltíre faoi chur chun feidhme Rialachán AE 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar d'eitleán, lena n-áirítear moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun reachtaíocht AE sa réimse sin a fheabhsú.

***Cuntas achomhair ar na cruinnithe***

Sa chéad chruinniú, bhuail an toscaireacht le hionadaithe ó Údarás na hÍsiltíre um Shábháilteacht Bia agus um Shábháilteacht Táirgí Tomhaltais (NVWA), a rinne cur i láthair maidir le forfheidhmiú Rialachán (CE) 1/2005 san Ísiltír, maidir leis na céimeanna riaracháin a bhaineann le honnmhairiú agus allmhairiú ainmhithe, agus maidir leis na príomhdheacrachtaí atá ann.

Tar éis an chéad chruinnithe sin, roinn an grúpa ina ghrúpaí níos lú chun cuairt a thabhairt ar shaoráidí an aerfoirt le haghaidh ainmhithe (Dierenhotel), in éineacht leis an mBainisteoir Lasta ar Dualgas freagrach as ainmhithe ar idirthuras tríd an tsaoráid le haghaidh KLM nó a aerlínte comhpháirtíochta. Bhí an deis ag an ngrúpa breathnú ar choinsíneacht sicíní lá d'aois á hullmhú lena seoladh go dtí Gána, agus ar roinnt madraí agus cat a bhí tar éis teacht isteach nó a bhí ar tí imeacht ar eitleán. Mhínigh an t-ionadaí ó KLM na príomhnósanna imeachta agus thug sé freagra ar na ceisteanna a chuir na Feisirí.

Ag an am céanna leis na cuairteanna ar shaoráid KLM, reáchtáladh seisiún C&F, ina raibh an deis ag Feisirí ceisteanna sonracha a chur a bhain leis an gcuairt, agus freisin maidir le gnéithe d'iompar capall agus muc. D'iarr údaráis na hÍsiltíre go gcuirfí feabhas ar shoiléireacht Rialachán 1/2005, lena n-áirítear maidir le hiniúchadh ag pointí imeachta agus léirigh siad go dtacaíonn siad go láidir le cruthú liosta d'iompróirí a sháraigh arís agus arís eile na rialacha maidir le hiompar hainmhithe.

*Conclúid fhoriomlán an mhisin*

**Bhuail misean choiste ANIT PE le hionadaithe NVWA, agus pléadh saincheisteanna móra agus dúshláin mhóra a bhaineann le hiompar ainmhithe beo.** Thug na húdaráis faisnéis ó bhunfhoinse faoi staid reatha fhorfheidhmiú Rialachán (CE) 1/2005 maidir le hiompar ainmhithe san Ísiltír, agus thug siad eolas faoi na rialuithe a dhéantar agus na bearta a dhéantar i leith ciontóirí. Chuir siad in iúl na deacrachtaí a bhíonn acu maidir le tríú tíortha, agus chuir siad plean i láthair chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin amach anseo (pointí teagmhála i dtríú tíortha, liosta iompróirí a bhíonn ag gníomhú go holc). Luaigh na húdaráis freisin go bhfuil na treoirlínte maidir le hiompar ainmhithe ón gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) dea-fhorbartha agus soiléir. Ina theannta sin, d'iarr na húdaráis freisin go ndéanfaí léirmhíniú ar Rialachán 1/2005 a shoiléiriú, lena n-áirítear maidir le hiniúchadh ag pointí imeachta.

Bhí an fhaisnéis a bailíodh sa mhisean an-ábhartha agus cuideoidh sé le coiste ANIT moltaí a cheapadh le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán 1/2005. Dá bhrí sin, bhí toradh dearfach ar an misean agus baineadh amach na príomhchuspóiría bhí leis.

<u>IARSCRÍBHINN I – Clár críochnaitheach</u>

## Misean Anit chun Aerfort Schiphol (NL) – 14 Deireadh Fómhair 2021

***10:25*** *Teacht go haerfort Schiphol (NL) ar bhonn aonair*

**10:35** Teacht le chéile ag pointe cruinnithe aerfort Schiphol le Gabriella Harris (Údarás na hÍsiltíre um Shábháilteacht Bia agus um Shabháilteacht Táirgí Tomhaltais(NVWA)) chun an grúpa a thionlacan chuig oifig NVWA;

**11:00-12:00** Cruinniú i seomra boird NVWA le húdaráis aerfoirt/seirbhísí tréidliachta freagrach as iompar ainmhithe;

**12:00-13:00** Cuairt ar láthair KLM, an chéad ghrúpa (seisear ar a mhéid)

**13:00-14:30** Sos lóin

**14:30-15:30** Cuairt ar láthair KLM, an dara grúpa (seisear ar a mhéid)

**15:30** Deireadh chlár an mhisin

IARSCRÍBHINN II – Liosta na rannpháirtithe

## Liosta iomlán na rannpháirtithe

## Misean ANIT chun Aerfort Schiphol (NL)

## 14 Deireadh Fómhair 2021

**Feisirí de Pharlaimint na hEorpa**:

Tilly METZ, Cathaoirleach – Na Glasaigh/SCE (FR)

Michal WIEZIK – PPE

Juozas OLEKAS – S&D (LT)

Annika BRUNA – ID (FR)

Thomas WAITZ – Na Glasaigh/SCE (DE)

*Anja HAZEKAMP – An Clé (Feisire áitiúil – lasmuigh de chuóta)*

**Foireann IPOL:**

Radek PILAR – Ceann na Rúnaíochta

Carla AIRES – Riarthóir

**Comhairleoirí na ngrúpaí polaitiúla:**

Margaret COULTHARD (S&D)

Soraya LEMAIRE (ID)

Harriet CLAYTON (Na Glasaigh/SCE)

Dominik ZGANEC (An Clé)

# 6. Tuarascáil mhisin Choiste ANIT chun na Danmhairge - Cóbanhávan agus Billund (3-5 Samhain)

Nasc chuig an tuarascáil iomlán

**Feisirí an mhisin:**

| | |
|---|---|
| Tilly Metz - ceannaire | (Na Glasaigh) |
| Francisco Guerreiro | (Na Glasaigh) |

**Feisirí áitiúla:**

| | |
|---|---|
| Asger Christensen | (Renew) |
| Niels Fuglsang | (SD) |

***Réamhrá***

Thug toscaireacht ón gCoiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar de chuid Pharlaimint na hEorpa cuairt ar an Danmhairg ón 3 go dtí an 5 Samhain 2021. Ba é seo an tríú misean den Choiste sin.

Ba é cuspóir an mhisin sin torthaí breise a dhéanamh maidir leis na cleachtais agus na dálaí a bhaineann le hiompar ainmhithe i dtrucailí, trí bhreathnú orthu ar an láthair. Moladh an chuairt chun na Danmhairge mar gheall ar na hardchaighdeáin maidir le leas ainmhithe agus iad á n-iompar, agus ardleibhéil chomhlíontachta le Rialachán (CE) 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar.

Bhuail toscaireacht PE le hionadaithe ó thionscal an bheostoic agus an iompair, bhreathnaigh sí ar lódáil ainmhithe ag lárionad le haghaidh tionól banbh agus ar fheirm dhéiríochta, agus bhuail an toscaireacht le Príomhoifigeach Tréidliachta na Danmhairge agus leis an eagraíocht Animal Protection Denmark.

Ba iad na príomhábhair a pléadh ná staid chur chun feidhme Rialachán (CE) 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar, lena n-áirítear moltaí féideartha chun reachtaíocht AE sa réimse sin a fheabhsú, agus na deacrachtaí atá ag an Danmhairg an Rialachán a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le trádáil trasteorann ainmhithe.

Rannchuideoidh na conclúidí leis na moltaí ó PE chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le modhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán.

*Cuntas achomhair ar na cruinnithe*

**Lá 1 (3 Samhain 2021)**

**Cruinniú ag saoráidí SPF-Danmark**

Bhuail toscaireacht ANIT le hionadaithe ó thrí chuideachta:

**VikingDanmark**

Díríonn an comhlachas feirmeoirí sin ar fheabhsú géiniteach, pórúchán agus atáirgeadh eallaigh déiríochta d'ardchaighdeán.

Rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Lars Kloster, cur i láthair ar an eagraíocht agus ar an bpríomhghnó. Faoi láthair, déanann VikingDanmark seamhan eallaigh déiríochta, agus ba, bodóga neamhthorracha agus bodóga torracha a thrádáil le thart ar 25 tír, laistigh agus lasmuigh de AE.

Déantar eallach beo a iompar ar thrucailí den chuid is mó. Úsáideadh aeriompar san am a chuaigh thart chuig Uganda, ach bhí sé an-chostasach. Ní iompraíonn an eagraíocht beostoc trí bhíthin soithí. Thug Lars Kloster sampla, a tháinig chun cinn le déanaí, de bha agus iad á n-iompar go dtí an Rúis i dturas de thuairim is 3000 km. Iompraítear na hainmhithe ón bhfeirm go dtí ionad coraintín i dtuaisceart na Gearmáine, agus fanann siad ann ar feadh 28 lá. Ansin leanann an turas ar aghaidh ar feadh 24 uair an chloig, ina dhiaidh sin glactar sos 24 uair an chloig ag pointe scíthe, agus arís turas 24 uair an chloig go dtí an ceann scríbe deiridh.

**Danbred**

Tá an chuideachta seo speisialaithe i bhfeabhsú géiniteach agus pórúchán muc.

Chuir an Stiúrthóir Teicniúil, Jens Aage Hviid, an chuideachta i láthair, thug sé chun suntais go bhfuil siad dírithe ar thaighde agus forbairt muc d'ardluach géiniteach agus d'ardluach, agus thug sé samplaí maidir le hiompar na n-ainmhithe sin ar eitleán chuig an tSín, agus ar thrucail chuig tíortha eile.

**SPF-Danmark**

Is é an chuideachta sin an t-iompróir muc is mó ar domhan. Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta trádáil agus iompar stoc beo síolraíochta agus bainbh scoite.

Rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Jens Kongenshold, cur síos ar an gcuideachta agus chuir sé roinnt figiúirí i láthair maidir le hiompar muc le haghaidh maraithe agus maidir le hiompar cránacha, banbh agus muc pórúcháin.

Maidir leis na tiománaithe agus na cuideachtaí nach gcomhlíonann an rialachán, dúirt

Jens Kongenshold go bhfuil na fíneálacha a eisítear de bharr sáruithe an-trom. D'iarr sé go ndéanfaí freagracht a dheighilt ar bhealach níos soiléire agus smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go comhchuibhithe ar fud na mBallstát.

Chuir ionadaithe na dtrí eagraíocht in iúl go bhfuil caighdeáin an-ard ag an Danmhairg maidir le hiompar ainmhithe, agus is oth leo nach gcuireann Ballstáit eile an rialachán chun feidhme ar an leibhéal céanna. Bhí siad d'aon ghuth agus iad ag iarraidh go mbeadh sciar níos soiléire freagrachtaí ann maidir le hiompar ainmhithe, ceanglais níos soiléire maidir le spás, agus córas aonfhoirmeach maidir le smachtbhannaí.

Chuir na Feisirí ceisteanna i ndáil le seamhan agus/nó feoil a iompar mar rogha eile ar ainmhithe beo a iompar. Dúirt na hionadaithe go ndéantar seamhan a iompar faoi láthair, ach gur gá an tréad a athnuachan ag an gceann scríbe tar éis 2 nó 3 bliana. Dá bhrí sin, is gá leanúint ar aghaidh le hainmhithe beo a iompar.

Nuair a d'iarr na Feisirí tuairim orthu maidir le "Dúliosta" cuideachtaí neamhchomhlíontacha a chruthú, d'fhreagair na rannpháirtithe go bhfuil na cuideachtaí sin sainaitheanta cheana féin ag na húdaráis, agus nach féidir leo faoi láthair teacht ar an tsamhail is iomchuí chun an liosta sin a chur ar bhonn oifigiúil.

Maidir leis an gceist faoi lipéadú i ndáil le leas ainmhithe a chruthú, mheas na hionadaithe go raibh an smaoineamh inghlactha agus inmhianaithe, agus ba mhaith leo é a fheiceáil ar an leibhéal Eorpach, rud a áiritheoidh go gcuirfí leas ainmhithe san áireamh sa mhargadh aonair.

Mar fhreagra ar cheist amháin faoin iompar d'iarnród, léirigh na rannpháirtithe gurbh fhearr leo iompar de bhóthar seachas iompar d'iarnród. Is é an chúis leis sin ná go bhfuil trucailí níos cobhsaí agus go bhfuil baol níos lú ann go ndéanfaí galar a tharchur de bharr ainmhithe a bheith measctha le chéile. Dúirt siad freisin go bhfuil úsáid ghinearálta feithiclí atá sonrach d'aois agus do speiceas, mar atá sa Danmhairg, inmhianaithe freisin.

**Lá 2 (4 Samhain 2021)**

**Cuairt ar an ionad le haghaidh iompar muc H&S Westergaard A/S**

Rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Søren Westergaard, an chuairt sin a óstáil agus chuir sé an obair laethúil san ionad sin i láthair.

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta sin cránacha agus bainbh a bhailiú ó na feirmeacha sa réigiún agus iad a iompar do sheamlais (cránacha) agus iad a iompar le haghaidh ramhraithe (bainbh), ón Danmhairg go tíortha AE eile.

Bhí an deis ag an ngrúpa breathnú ar 620 banbh (26 kg/10 seachtaine) a bhí á n-ullmhú lena n-iompar chuig an Rómáin: rinneadh na bainbh a dílódáil ar thaobh amháin de na saoráidí tionóil, ansin rinneadh scrúdú tréidliachta gearr orthu agus, díreach tar éis é sin, rinneadh iad a lódáil ar an trucail ar an taobh eile de na saoráidí lena n-iompar. Ar chúiseanna leasa, lódáiltear na hainmhithe i ngrúpaí d'idir 10 agus 15 ainmhí ag an am, agus tugtar 20 % níos mó spáis do gach banbh laistigh de leoraithe ná a dtugtar dóibh i dtíortha eile. Mhínigh Søren Westergaard gurb ionann sin agus

20 % níos lú brabúis do na cuideachtaí maidir le gach turas iompair. Mar sin féin, is é an t-ábhar is mó imní ná go mbaineann na hainmhithe an ceann scríbe amach agus dea-shláinte orthu agus go gcomhlíonann bainbh na Danmhairge na caighdeáin ardcháilíochta atá ann cheana féin i leith na gcliant.

Thaispeáin Søren Westergaard an trucail ceithre urlár a raibh na bainbh á lódáil isteach ann don toscaireacht, agus mhínigh sé roinnt de na gnéithe atá ag an trucail a fhágann gur feithicil ardchaighdeáin í do chianiompar: aeráil mheicniúil, aer scagtha, gléasanna óil, dromchlaí atá éasca le glanadh, agus córais loingseoireachta agus faireacháin. Úsáideann na trucailí beirt tiománaithe le haghaidh turas cianiompair ionas gur féidir an turas a dhéanamh gan é a bhriseadh leis na hamanna scíthe éigeantacha do thiománaithe. Mar sin féin, ní mór am scíthe do na hainmhithe a urramú go fóill. Trí na tiománaithe a dhúbailt, déantar na turais a thabhairt chun críche níos tapa, rud atá ina tairbhe do na hainmhithe atá á n-iompar.

Bhí an deis ag an toscaireacht freisin oibriú mionsonraithe trucaile iompair DanBred den scoth a fheiceáil, a úsáidtear le haghaidh cianiompar muc pórúcháin d'ardluach (mar shampla chun na Spáinne). Tá an fheithicil sin in úsáid le breis agus bliain agus tá sí feistithe le trealamh faireacháin teochta agus CO2, aerchóiriú, aeráil agus teas, córais scagtha aeir UV chun atmaisféar bithshlán a chinntiú, chomh maith le córais uisce agus beathaithe do na hainmhithe. Is ionann úsáid feithicle den sórt sin agus dhá oiread an chostais iompair, agus dúirt na Feisirí nach raibh earnáil an bheostoic/na feola i dtíortha eile in ann infheistíocht chomh mór sin a dhéanamh i dteicneolaíocht iompair.

**Lón oibre**

D'eagraigh na heagraíochtaí Danish Hauliers, ITD – Comhlachas le haghaidh iompar earraí de bhóthar na Danmhairge, agus SamMark lón oibre, chun malartuithe níos mionsonraithe a lamháil maidir leis na saincheisteanna a eascraíonn as an rialachán reatha a chur chun feidhme. Ceann de na hábhair móra imní atá ann ná an easpa soiléireachta maidir leis an bhfreagracht as oiriúnacht le haghaidh iompar na n-ainmhithe atá le haistriú a áirithiú. Ba léir gurb é an feirmeoir atá freagrach as sláinte na n-ainmhithe agus iad ar an bhfeirm, agus go bhfuil an phríomhfhreagracht air as a áirithiú go bhfuil ainmhithe oiriúnach lena n-iompar. Tá an tiománaí freagrach freisin as seiceáil a dhéanamh ar ainmhithe agus iad ag dul ar bord, agus as aon ainmhithe neamhoiriúnacha a shainaithint.
Bhí tuairim láidir ann go bhfuil forfheidhmiú agus smachtbhannaí ríthábhachtach chun leas ainmhithe a fheabhsú. Ní mór an reachtaíocht a bheith níos dinimiciúla chun forbairtí teicneolaíocha agus fiú géiniteacha a chur san áireamh (e.g. tá córais óil ag níos mó feithiclí anois, agus tá méid banbh de réir aoise difriúil anois ná nuair a tugadh an reachtaíocht chun críche in 2005). Ba mhian freisin go ndéanfaí tuilleadh measúnaithe eolaíoch ar iompar ainmhithe agus ar iompraíocht ainmhithe, inar féidir dálaí maithe a ráthú, chun lamháil do thurais níos faide agus leas maith ainmhithe á n-urramú. Cuireadh béim ar fheithiclí ardcháilíochta d'ainmhithe ardcháilíochta, go háirithe maidir le honnmhairiú, agus léiríodh go soiléir gur ainmhithe pórúcháin amháin a onnmhairítear ón Danmhairg go tríú tíortha.

## Cuairt ar oibríochtaí iompair eallaigh ag ‘Farm Nørupgaard’

Thug an grúpa cuairt ar fheirm déiríochta Norupgaard, atá faoi úinéireacht an Fheisire Asger Christensen ó Renew. Tá os cionn 600 eallach ag an bhfeirm sin, agus tá níos mó ná 200 bó dhéiríochta ann. Déantar crú trí huaire sa lá i gcomhair tál bainne níos airde. Tá ainmhithe á gcoimeád le haghaidh crú níos faide ná mar a bhíodh. Téann roinnt de na heallaí barrachais chun maraithe, onnmhairítear cinn eile chuig an bPolainn agus chuig an Rúis (breis agus 70 i mbliana – roghnaithe le haghaidh barrfeabhas géiniteach), agus díoltar cinn eile le feirmeacha comharsanachta (e.g. laonna óga le tógáil d’fheoil).
Tá clib leictreonach ar na ba uile, lena lamháiltear d’fhaisnéis mhionsonraithe a thaifeadadh, lena n-áirítear faisnéis tréidliachta, phórúcháin agus bhreithe.

Bhí an deis ag an ngrúpa breathnú ar cheithre bhó a lódáil i leoraí dhá urlár ón gcuideachta Viking, ag a bhfuil spás do 35 bhó ar a mhéid.
Ceannaíonn an chuideachta sin na hainmhithe barrachais is fearr lena n-onnmhairiú agus tógtar chuig ionad coraintín iad sula n-onnmhairítear iad, áit ina bhfanann siad ar feadh 28 lá. Sa chás sin, bhí na hainmhithe á n-iompar go dtí an Rúis, turas de 2 x 24 uair an chloig, le sos 24 uair an chloig.

Mhínigh na cigirí/tréidlianna oifigiúla a bhí i láthair, i gcás ainmhithe atá á n-iompar, nach mór ba a chrú gach 12 uair an chloig agus go bhféadfaí ainmhithe óga a iompar ar feadh 14 uair an chloig ar a mhéad roimh stopadh. Le linn na seiceálacha réamhlódála, ní lódálfar aon ainmhí mura bhfuil sé oiriúnach.

Maidir leis na rialuithe, déanann na cigirí doiciméid an tiománaí a iarraidh agus déanann siad seiceálacha ar fheithiclí (GPS, agus córas rabhcháin le haghaidh teocht fhoircneach). Faigheann an chuideachta iompair na sonraí sin ó ghuthán an tiománaí. Téann na cigirí isteach san fheithicil agus seiceálann siad an bhfuil na córais uisce ag obair agus nach bhfuil aon rud ann a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’ainmhithe. Déantar seiceáil ar na córais uisce agus aerála freisin. I gcás ina bhfuil téitheoirí uisce ag an bhfeithicil chun cosc a chur ar reo le linn turas ina bhfuil aimsir fhuar ann, déantar iad sin a sheiceáil freisin.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Asger Christensen as a fheirm a oscailt don toscaireacht agus ceannaireacht a thabhairt maidir le raon leathan cruinnithe a shocrú.

## Lá 3 (5 Samhain 2021)

## Cruinniú le Príomhoifigeach Tréidliachta na Danmhairge, Hanne Larsen

Chuir an Príomhoifigeach Tréidliachta tús leis an gcur i láthair trí roinnt sonraí a thaispeáint ar líon na ngluaiseachtaí ainmhithe laistigh den Danmhairg agus i gcomhair onnmhairithe. Tá méadú tagtha ar líon na n-iniúchtaí le blianta beaga anuas agus anois déantar seiceáil go cúlghabhálach ar 30 % de logaí turais chun iad a chur i gcomparáid leis an turas beartaithe, déantar iniúchadh randamach ar 10 % de thurais leoraithe agus déantar seiceálacha séasúracha i gcomhair sáruithe teochta.

Tá an Danmhairg, an tSualainn, an Bheilg agus an Ísiltír ag obair ar chur chuige coiteann i leith athbhreithniú ar an reachtaíocht. Is iad na saincheisteanna sonracha a tháinig chun cinn sa Danmhairg i ndáil leis an reachtaíocht ná an easpa soiléireachta

i ndáil le hainmhithe a thugtar go seónna (caitheamh aimsire seachas gníomhaíocht tráchtála), an gá atá le beachtas níos fearr maidir le hairde urlár d'ainmhithe éagsúla, agus maidir le ceanglais uisce agus beatha.

Tá imní ann nach bhfuil oiliúint na dtiománaithe (go háirithe i láimhseáil ainmhithe) éifeachtach i dtíortha eile (mar shampla, oiliúint ar líne gan taithí phraiticiúil).

Chun a chinntiú go bhfuil ainmhithe pórúcháin á n-onnmhairiú i ndáiríre le haghaidh pórúcháin, tugann na húdaráis breithiúnas faoin gceann scríbe.

Dhírigh an plé ina dhiaidh sin ar uasmhéid na n-amanna turais, ar ainmhithe atá ag iompar agus ar laonna nach bhfuil bainte den diúl.
Chuir an Príomhoifigeach Tréidliachta in iúl gurb é 50 % de thoircheas scoithphointe i gcomhair iompair.
Maidir le laonna nach bhfuil bainte den diúl, léirigh an Príomhoifigeach Tréidliachta dearcadh soiléir nach bhfuil dhá sheachtain sean go leor chun lao a iompar níos mó ná ocht uair an chloig.

## Cruinniú le Animal Protection Denmark

Thug ionadaithe na heagraíochta sin (Ditte Erichsen agus Lena Rohn) na mionsonraí maidir le hiompar coinsíneacht 225 lao faoi bhun ceithre seachtaine d'aois (194 díobh idir 21 lá agus 24 lá d'aois), a tharla i mí Iúil na bliana seo, agus ar lean ball den eagraíocht neamhrialtasach í. Bhailigh ceithre thrucail na laonna ó na naoi bhfeirm a bhí scaipthe amach óna chéile an-luath ar maidin, agus níor bailíodh iad ón ionad tionóil go dtí 15:30 i.n. , nuair a thosaigh an turas go dtí an Ísiltír.
Níor úsáideadh ach tiománaí amháin don turas sin, rud a chiallaigh stad éigeantach dó. Ba é 4.30 r.n. am sroichte an choinsíneacht ag an ceann scríbe san Ísiltír, tuairim is 24 uair an chloig tar éis an chéad bhailithe. Níor lódáladh ná níor beathaíodh na hainmhithe ar feadh beagnach 24 uair an chloig.

Cé nach n-onnmhairítear ach 8 % de laonna na Danmhairge (43 000 go dtí an Ísiltír agus an Bheilg in 2020), dúirt an eagraíocht neamhrialtasach gur léirigh an sampla sin nach bhfuil an reachtaíocht lena rialaítear iompar laonna á hurramú maidir le beathú/uisce a thabhairt dóibh le linn an turais (ocht uair an chloig ar a mhéad).

Maidir le sainmhíniú ar ainmhithe nach bhfuil bainte den diúl, dúirt na hionadaithe gur cheart go n-áireofaí sa chatagóir sin na hainmhithe nach bhfuil in ann ithe gan chúnamh ó dhaoine.
Léirigh an eagraíocht neamhrialtasach imní faoi bhodóga torracha a bheith á n-iompar chuig an Iaráin agus chuig an Asarbaiseáin, tríd an Rúis, agus chuig ceantair iargúlta na Rúise féin.

Tugadh le fios sna figiúirí do 2019 gur iompraíodh 15 mhilliún ainmhí, bainbh go príomha, ón Danmhairg. Bhí 11 mhilliún ar thrucailí a bhí cláraithe i mBallstáit eile agus ar thurais fhada níos mó ná 8 uair an chloig den chuid is mó.

Maidir le tograí le haghaidh athrú reachtaíochta, mhol ionadaithe na heagraíochta sin am turais de 8 uair an chloig ar a mhéad, toirmisc ar ainmhithe nach bhfuil bhainte den diúl a iompar, agus gan onnmhairiú go tríú tíortha nach féidir forfheidhmiú a ráthú iontu. Léirigh siad amhras faoi logaí turais a bheith á gcur ar ais agus dúirt siad freisin go bhfuil sé mídhleathach sa Rúis ainmhithe a dhílódáil ó thríú tíortha ar áitribh neamhcheadaithe, rud a chuir amhras ar stáisiúin scíthe a bheith ann, agus gur thoirmisc an Ghearmáin agus an Ísiltír iompar ainmhithe tríd an Rúis mar gheall ar an amhras sin.

## Preasagallamh

D'fhreastail iriseoirí ó earnáil iompair agus talmhaíochta na Danmhairge agus ó irisleabhar GEO ar an bpreasagallamh ag deireadh na cuairte:

Marlene Goering + grianghrafadóir (Irisleabhar GEO)
Claus Djørup (Fagpressebureauet)
Lasse Ege Pedersen (Effektivt Landbrug)
Lars M. Lassen (Transporttidende)

Bhí Geo le gné-alt fada a scríobh ar obair an choiste roinnt ama tar éis na cuairte.
Thug na comhaltaí a bhí i láthair, Tilly Metz (an Cathaoirleach), Niels Fuglsang (S&D), Asger Christensen (RE) cuntas ar chúis na cuairte agus obair an choiste. Chuir na hiriseoirí ceisteanna faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú amanna turais ar iompar/onnmhairiú ainmhithe na Danmhairge, agus faoin bhfíric nach bhfuil ach acmhainn theoranta ann le haghaidh tuilleadh tomhaltais feola sa Danmhairg dá mba ghá onnmhairiú a chiorrú.

D'iarr na hiriseoirí ar na Feisirí trí phríomhthosaíocht d'athrú reachtach a léiriú.
Leag Tilly Metz béim ar ainmhithe leochaileacha a chosaint, deireadh a chur le honnmhairí le haghaidh maraithe lasmuigh de AE, teorainn a chur le ham turais.
Mheas Niels Fuglsang gur tosaíochtaí iad an teorainn turais 8 uair an chloig, srian a chur le honnmhairí go tríú tíortha, agus iompar ainmhithe nach bhfuil bainte den diúl.
Maidir le Asger Christensen, is tosaíochtaí iad Rialachán (CE) 1/2005 a chur chun feidhme i gceart, ainmhithe torracha a chosaint, agus teorainn a chur le honnmhairí chuig tríú tíortha (go háirithe ar shoithí).
Rinne an triúr díobh ar fad tagairt freisin do rialuithe níos fearr agus d'fhaireachán ar fheithiclí, agus níos mó soiléireachta maidir le freagracht.

## Conclúidí

Bhuail misean choiste ANIT chun na Danmhairge le roinnt ionadaithe ón tionscal, le hionadaithe ó údaráis na Danmhairge (cigirí tréidliachta agus an Príomhoifigeach Tréidliachta), agus le hionadaithe ó eagraíocht neamhrialtasach amháin, agus rinneadh plé leo.

Fuair na Feisirí faisnéis ó bhunfhoinse faoi na cleachtais reatha maidir le hiompar ainmhithe sa Danmhairg, an staid mar atá ó thaobh fhorfheidhmiú Rialachán (CE) 1/2005 maidir le hiompar ainmhithe, agus moltaí chun an Rialachán a fheabhsú.

Mhol rannpháirtithe na Danmhairge go ndéanfaí freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla san earnáil a dheighilt go soiléir, go mbeadh córas smachtbhannaí níos fearr ann ar fud AE, agus go mbeadh an sainmhíniú ar cheanglais iompair níos oiriúnaí don staid reatha (e.g. ceanglais spáis agus ainmhithe á n-iompar).

Bhí torthaí an mhisin seo an-ábhartha agus cabhróidh siad le coiste ANIT moltaí a cheapadh le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (CE) 1/2005. Dá bhrí sin, baineadh amach na príomhchuspóirí a bhí ag an misean.

## IV. LIOSTA DE STAIDÉIR SHEACHTRACHA

| 1. Staidéir arna soláthar ag Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) | | |
|---|---|---|
| Meán Fómhair 2020 | Taighde cúlra do Choiste ANIT | Nasc |
| 30 Meitheamh 2021 | Faisnéisiú maidir le hainmhithe a chosaint agus iad á n-iompar: Smachtbhannaí i leith sáruithe | Nasc |
| 30 Meitheamh 2021 | Faisnéisiú maidir le hainmhithe a chosaint agus iad á n-iompar: Treoirlínte agus taighde | Nasc |
| 30 Meitheamh 2021 | Faisnéisiú maidir le hainmhithe a chosaint agus iad á n-iompar: Oiliúint a chur ar phearsanra agus ar ghníomhairí forfheidhmithe | Nasc |
| 30 Meitheamh 2021 | Ainmhithe a chosaint agus iad á n-iompar: Sonraí maidir le hainmhithe beo a iompar | Nasc |
| 10 Samhain 2021 | Cumhachtaí imscrúdaitheacha Pharlaimint na hEorpa: Coistí fiosrúcháin i gcomhthéacs | Nasc |

| 2. Staidéir arna soláthar ag an Roinn Beartais ‘B’ um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe | | |
|---|---|---|
| **27 Deireadh Fómhair 2020** | **Pacáiste Faisnéise don Choiste Fiosrúcháin um chosaint ainmhithe agus iad á n-iompar (ANIT)** | Nasc |
| | ***Cuireadh na ceithre fhoilseachán seo a leanas le chéile agus pléadh iad i gcruinniú coiste le linn cheardlann an 25 Bealtaine 2021:*** | |
| **20 Bealtaine 2021** | **(1) Taighde do Choiste ANIT: Leas ainmhithe ar shoithí farraige agus critéir chun údarú beostoic a fhormheas** | Nasc chuig an Achoimre feidhmiúcháin<br><br>Nasc chuig an Staidéar |
| **20 Bealtaine 2021** | **(2) Taighde do Choiste ANIT: Riachtanais leasa ar leith maidir le hiompar ainmhithe: ainmhithe uisceacha** | Nasc chuig an Achoimre feidhmiúcháin<br><br>Nasc chuig an Staidéar |
| **20 Bealtaine 2021** | **(3) Taighde do Choiste ANIT: Riachtanais leasa ar leith maidir le hiompar ainmhithe: ainmhithe nach bhfuil bainte den diúl agus ainmhithe baineanna atá torrach** | Nasc chuig an Achoimre feidhmiúcháin<br><br>Nasc chuig an Staidéar |
| **31 Bealtaine 2021** | **(4) Taighde do Choiste ANIT: Na cleachtais a bhaineann le leas ainmhithe agus iad á n-iompar i dtríú tíortha: forléargas** | Nasc chuig an Achoimre feidhmiúcháin<br><br>Nasc chuig an Staidéar |

| 2. Staidéir arna soláthar ag an Roinn Beartais ‘B’ um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe | | |
|---|---|---|
| **05 Iúil 2021** | **Taighde do Choiste ANIT – Patrúin maidir le hiompar beostoic in AE agus chuig tríú tíortha** | Nasc chuig an achoimre<br><br>Nasc chuig an Staidéar |